

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2012



Fondúireacht  
Eolaíochta  
Éireann

Taighde do Thodhchaí na hÉireann



## Íomhá an chlúdaigh tosaigh

Buaiteoir Chomórtas Íomhá na Bliana 2012 de chuid SFI.



An Dr. Rohit Mishra

*PI:* An tOll. Martin Hegner

*Institiúid:* CRANN


*Teideal:* Crios Astaróideach

Is íomhá é seo de Charbaimíd chriostalaithe dathaithe le hasó-oráiste agus á íomhá ag baint úsáide as Íomhádóir Zeiss Axio sa mhodh tarchuir polaraithe. Is fíor iad na dathanna atá le feiceáil san íomhá agus iad gnóthaithe de bharr idirghníomhú na struchtúr criostail le solas polaraithe (an teicníc chéanna a úsáidtear i spéaclaí pictiúrlainne trí thoiseacha nua-aimseartha). Is gníomhaire láidir í carbaimíd le haghaidh díhibridithe (scagadh) DNA snáithe dúbailte go snáitheanna aonair agus le haghaidh dínádúró próitéiní. Dá réir sin úsáidtear go forleathan í mar scéim athghiniúna in iliomad bith-shliseanna agus bithbhraiteoirí.



# CLÁR ÁBHAIR

Fís agus Ráitis Misin SFI	2
Clár Oibre 2020 SFI	3
Ráiteas an Chathaoirligh	6
Ráiteas an Ard-Stiúrthóra	8
Éachtaí 2012	12
Struchtúr Eagraíochtúil	28
Fógraí Reachtúla agus Eile	30
Ráitis Airgeadais 2012	32
Tiomantais Deontais agus Anailís Íocaíochtaí 2012	46



---

## FÍS SFI:

Beidh Éire ina ceannaire eolais domhanda a chuireann taighde eolaíoch agus innealtóireachta i gcroílár a sochaí chun forbairt eacnamaíochta agus dul chun cinn sóisialta a chumhachtú.

---

## MISEAN SFI:

Forbróidh agus láidreoidh SFI taighde eolaíoch agus innealtóireachta agus a hinfreastruchtúr sna réimsí a bhfuil an luach straitéiseach is mó acu d'iomaíochas agus d'fhorbairt fadtéarmach na hÉireann.

# CLÁR OIBRE 2020

**Is é Clár Oibre 2020 plean straitéiseach SFI i gcaitheamh na tréimhse 2012 go 2020. Tá ceithre phríomhchuspóir leis:**

- 1. A bheith ar an ngníomhaireacht maoinithe eolaíochta is fearr ar domhan i ndáil le tionchar a chruthú ó thaighde den chéad scoth agus luach soiléir ar airgead infheistithe a léiriú. Ciallóidh sé seo:**
  - a. Infheistiú go straitéiseach agus go roghnaitheach, á treorú ag beartú tosaíochta taighde leanúnaí lena n-áirítear an cleachtadh náisiúnta um beartú tosaíochta taighde a comhlánaíodh le déanaí;
  - b. Infheistiú i gcumas taighde aistritheach SFI d'fhonn dul chun cinn an taighde ó fhionnachtain go seachadadh a fheabhsú;
  - c. Sraith lárionad taighde a fhorbairt atá aitheanta go hidirnáisiúnta, a mheallann caipiteal agus tallann taighde idirnáisiúnta agus a mheallann, a dhaingníonn agus a thionscnaíonn cuideachtaí gaolmhara in Éirinn; agus
  - d. Líon na dtaighdeoirí SFI-oilte atá fostaithe i dtionscal a mhéadú.

---

- 2. A bheith mar eiseamláir i leith comhpháirtíochtaí a fhorbairt a dhéanann maoiniú ar eolaíocht den chéad scoth agus a chuireann chun cinn í sa mhargadh agus sa tsochaí. Éileoidh sé seo:**
  - a. Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt; agus
  - b. Éagsúlú a dhéanamh ar na foinsí maoinithe do bhonn eolaíoch na hÉireann.

---

- 3. An pobal is rannpháirtí agus is eolaí ar bhonn eolaíoch a bheith againn.**

---


- 4. Ionadaíocht a dhéanamh ar eagraíocht nua-aimseartha idéalach na seirbhíse poiblí, le soláthar foirne ar bhonn barainneach agus solúbtha, le bainistíocht éifeachtúil agus éifeachtach.**

# i 2012:

thacaigh SFI le thart ar

# 2,815

taighdeoir in Éirinn, faoi threoir breis is **400 príomheolaí**.



# €156,000,000

d'infheistigh SFI €156 milliún i dtionscadail taighde.



bhí **aon trian**


de dhaoine aonair a d'fhág foirne arna maoiniú ag SFI a chuaigh i mbun fostaíochta i dtionscal, **60%** daoibh i gcuideachtaí in Éirinn.



tá taighdeoirí SFI gafa le

# 1,821

comhpháirtíocht idirnáisiúnta in os cionn 60 tír.



d'fhaomh SFI **224** dámhachtain nua i 19 gcomhlacht taighde in Éirinn

d'fhoilsigh taighdeoirí SFI os cionn 5,790 páipéar eolaíoch, tá

# 1/3 ú


de pháipéir foilsithe le comhúdaire acu ar thaighdeoirí bunaithe go hidirnáisiúnta iad.



nascadh os cionn

# 700

cuideachta le **grúpaí taighde SFI**





Tháinig méadú 5% go 540 ar líon na nasc le corparáidí ilnáisiúnta (MNCanna), le 274 cuideachta bainteach leo.




Mhéadaigh nasc le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) faoi 24% go 527, le nasc go 428 cuideachta sa áireamh.

60%

tá nasc ag taighdeoirí SFI leis na cuideachtaí a ghin thart ar 60% d'fhógraí fostaíochta úrnua arna dtacú ag IDA.

c.450




thacaigh SFI le thart ar 450 tionscadal taighde gníomhach in Éirinn.

€68,000,000

dhaingnigh taighdeoirí SFI os cionn €68 milliún ón AE, méadú 21% ó 2011.

dhaingnigh taighdeoirí arna maoiniú ag SFI €171 milliún breise i maoiniú neamh-SFI.



Aschuir réamhthráchtála na dtaighdeoirí SFI:

14 mhac-chuideachta

147 nochtadh aireagáin

80 paitinn comhdaithe

25 phaitinn bronnta

30 teicneolaíocht cheadúnaithe





## RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

### TÁ AN-ÁTHAS ORM TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS AIRGEADAIS SFI DON BHLIAIN 2012 A CHUR I LÁTHAIR.

I mór-bhliain don eolaíocht in Éirinn, ba shoiléir an tiomantas a bhí ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann maidir le maoiniú agus tacaíocht a thabhairt d'fheabhas na heolaíochta, rud a théann chun tairbhe don gheilleagar agus don tsochaí. Bliain ba ea í ina raibh an eolaíocht go mór i mbéal an phobail agus chruinnigh pobal idirnáisiúnta na heolaíochta le chéile in Éirinn chun spreagthacht na heolaíochta a roinnt leis an bpobal mór.

I rith na bliana bhí roinnt imeachtaí iomráiteacha dár n-eagraíocht, ceapachán Ard-Stiúrthóra nua san áireamh. Ceapadh an tOll. Mark Ferguson, ar ó Thuaisceart Éireann ó dhúchas é, in Eanáir 2012.

Ba bhliain í 2012 nuair a bhí aird phobal eolaíochta na hEorpa dírithe go docht daingin ar Bhaile Átha Cliath. I mí Iúil, bhí ár bpríomhchathair mar óstach d'Fhóram Oscailte Euroscience (ESOF) 2012. Bhailigh na gníomhaithe is mó i saol na heolaíochta, chomh maith le hionadaithe ón tsochaí agus beartas, le chéile i mBaile Átha Cliath don fhóram oscailte is mó dá leithéid riamh. Ba chúis iontais é Baile Átha Cliath a fheiceáil mar mhol ina raibh breis agus 4,500 toscaire ó níos mó ná 70 tír ag déanamh plé ar ábhair éagsúla, ó conas tionchar a imirt ar pholasaí go neartú na nasc idir an eolaíocht agus an tsochaí.

In éineacht le ESOF, ainmníodh Baile Átha Cliath mar 'Cathair Eolaíochta', ghlac breis is 600,000 duine páirt sa 200 imeacht inar áiríodh na hamharcealaíona, téatar, scannán, puipéadóireacht, suiteálacha ealaíne idirghníomhacha, turgnaimh mhórsála, cainteanna, díospóireachtaí agus ceardlanna. Gan dabht bliain ba ea 2012 inar cuireadh beocht i spreagthacht na heolaíochta do mhuintir na hÉireann.

Bliain thar a bheith gnóthach ba ea 2012 do SFI, sonraithe ag roinnt fógraí maoinithe suntasacha, tionscnaimh bheartais agus éachtaí duaisbhuaiteacha ag taighdeoirí faoi leith arna maoiniú ag SFI.

Díríodh aird athnuaithe ar bheartas straitéiseach le foilsiú Chlár Oibre SFI 2020. Tugann an straitéis uailmhianach seo faoi Éire a chur ina ceannasaí domhanda eolais agus ina sochaí a bhfuil taighde eolaíoch agus innealtóireachta mar bhunchlocha aici. Go háirithe, féachann an straitéis nua seo le hacmhainn taighde

agus nasc le tionscal a neartú, ionas teacht le 'Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochtaí Taighde' de chuid an Rialtais, a eisíodh i Márta 2012.

I gcoirílár Chlár Oibre SFI 2020 tá ceithre príomhchuspóir, is iad sin a bheith ar an ngníomhaireacht maoinithe eolaíochta is fearr ar domhan, a bheith ar an eiseamláir i leith comhpháirtíochtaí a fhorbairt, an pobal is rannpháirtí agus is feasaí ar bhonn eolaíoch a bheith againn agus ionadaíocht a dhéanamh ar eagraíocht nua-aimseartha idéalach na seirbhíse poiblí.

Mar chuid de chur i bhfeidhm na straitéise thar a tréimhse ama, beidh SFI ag obair go dlúth le gníomhaireachtaí Stáit eile cosúil le IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás um Ard-Oideachas, Institiúidí Ard-Oideachais agus príomhpháirtithe leasmhara eile.

In éineacht le forbairt leanúnach ar bheartais, rialúchán agus tacaíocht airgeadais cumasaithe, cuirfidh Clár Oibre 2020 ar chumas na hÉireann teacht chun cinn mar ghníomhaí mór i ndáil le taighde agus forbairt thar na deich mbliana atá romhainn.

Trína sraith clár dámhachtana d'fhaomh SFI 224 dámhachtain nua san iomlán thar 18 gclár arna dtreorú ag 19 gcomhlacht taighde. Ina iomláine bhí €156 milliún d'íocaíochtaí ó SFI le comhlachtaí taighde.

Ar feadh na bliana rinne SFI a dícheall nasc agus comhair idirnáisiúnta a bhunú agus cur leis na cinn atá ann cheana féin. Bhí SFI ina comh-óstach ar ócáid sa Bhrasaíl chun comhpháirtíochtaí leis an tír a chur chun cinn sa réimse taighde agus forbartha, ar a d'fhreastail foirne taighde ó Éirinn agus ón mBrasaíl chomh maith le hionadaithe ó gníomhaireachtaí Rialtais na hÉireann. Sa spreagaitheasc a thug sé, rinne an tAire Stáit a bhfuil Freagracht air maidir le Trádáil agus Forbairt, an tUas. Joe Costello TD, rinne sé cur síos ar thairiscint SFI agus ar thallann an bhoinn scileanna in Éirinn chomh maith le saibhreas a feabhais taighde.

Níos giorra do bhaile, bhí an Cruinniú Mullaigh Eolaíochta 2012 de chuid SFI, 'Roinnt na hEolaíochta' [Sharing Science], mar bhuaicphointe eile den bhliain. Bhí comhroinnt agus cumarsáid na heolaíochta ina théama oiriúnach de bharr próifíl ard na heolaíochta i measc an phobail. D'fhreastail breis is 300 dár gcuid taighdeoirí móra eolaíochta ar an gcruinniú mullaigh, agus mar bhuaicphointe arís i mbliana bhí bronnadh 'Taighdeoir na Bliana' de chuid SFI, inar tugadh ómós don Oll. Michael Coey ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Mar an t-eolaí fisiceach is mó luaite in Éirinn, tá fionnachtana tábhachtacha déanta le linn a ghairme aige,





An tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI, Máire Geoghegan-Quinn Uasal, an Coimisinéir Eorpach um Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht agus an tOll. Pat Fottrell, Cathaoirleach, SFI, ag freastal ar Chruinniú Boird SFI in Eanáir 2012.

mar shampla maighnéad tearcithreach nua bunaithe ar iarann, fad is atá na glúine le teacht faoi oiliúint aige lena chuid téacsleabhar faoin maighnéadas agus ábhair mhaighnéadacha.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tiomantas leanúnach i leith na heolaíochta in Éirinn atá ag an Taoiseach, an tUas. Éanna Ó Coinnigh TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUas. Risteárd De Briotún TD agus an tAire Stáit, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUas. Seán Ó Searlóg TD. Tá tiomantas láidir marthanach léirithe ag an Rialtas maidir le cur chun cinn acmhainn eolaíochta agus innealtóireachta na hÉireann, agus tá an clú agus cáil againn ag leibhéal idirnáisiúnta ag dul i méid an t-am ar fad.

Don Bhord agus d'fhoireann SFI, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh as an obair agus an tiomantas gan stad gan staonadh a léirigh sibh ar feadh 2012. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uas. John Travers, ar éirí as an mBord dó, as an tseirbhís fhada luachmhar a thug sé don eagraíocht. Ba mhaith liom moladh a thabhairt don Oll. Mark Ferguson, agus buíochas a ghabháil leis chomh maith, as a cheannasaíocht dhíograiseach dhochloite mar Ard-Stiúrthóir nua de chuid SFI.

Tá sé mar chuid lárnach den Phlean Gníomhaíochta do Phoist de chuid an Rialtais a chinntiú go mbeadh taighde níos dírithe ionas smaointe maithe na dtaighdeoirí a iompú go táirgí maithe in éineacht le poist maithe. Tá ról lárnach le himirt ag SFI chun a chinntiú go bhfíorófaí na gealltanais déanta sa phlean seo sna blianta amach romhainn. Cuireann sé seo dúshlán ollmhór faoi na comhaltaí uile ó éiceachóras na heolaíochta agus taighde ach tugaimid aghaidh ar an dúshlán sin le hardmhuinín agus le díograis mhór.

*Patrick Fottrell*

An tOll. Patrick Fottrell  
Cathaoirleach

## CÁS-STAIDÉAR 01

### CLEAMHNAS Á DHÉANAMH IDIR CUIDEACHTAÍ CÓGAIŚÍOCHTA AGUS SAINÉOLAS ANAILÍSEACH

**Is iomaíoch an gnó é conarthaí ó ghnólachtaí domhanda cógaisíochta a bhaint amach, agus tá sé mar sprioc ag an mol ATLAS cabhrú le hÉirinn na margaí sin a dhéanamh.**

Tugann sé foinse eolais aon-ionaid don tionscal cógaisíochta a shonraíonn na hacmhainní, an trealamh agus na seirbhísí anailíseacha go léir atá ar fáil trí na hInstitiúidí Ardoideachais ar fad in Éirinn. Forbartha ag an gCnuasach Cógaisíochta Soladstaide (SSPC), ag Ollscoil Luimnigh, tá sé mar sprioc ag an tairseach nascacht níos fearr a sholáthar idir an tionscal cógaisíochta agus na hInstitiúidí ardoideachais in Éirinn, ag féachaint le roinnt den ghnó anailíse conartha a choimeád atá faoi láthair á sheoladh thar lear ag an tionscal seo. Déanann an Cnuasach anailís chomh maith ar mheicníochtaí a cheadaíonn do sholaid chógaisíochta a bheith táirgthe le tréithe réamhshainithe, agus is é an cuspóir ábhair chógaisíochta soladstaide a dhearadh go réasúnach chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag ard-chórais foirmlithe agus seachadta drugaí. Bíonn an Cnuasach ag comhoibriú le cuideachtaí ar nós Pfizer, Roche, Schering-Plough, Clarochem Ireland Teo, MSD Ireland, Eli Lilly, Janssen Pharmaceutical Teo, GlaxoSimthKine, Bristol Myers Squibb agus UCB Pharma.



An tUas. Micheál Ó Núnáin TD, Aire Airgeadais, agus an tOll. Mary Shire, Leasuachtarán an Thaighde, Ollscoil Luimnigh, ag seoladh ATLAS.



## RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA

**“DÉAN DO DHÍCHEALL AN  
FHOIRFEACHT A BHAINT AMACH I  
NGACH A NDÉANANN TÚ. TÓG SCOTH  
DÁ BHFUIL ANN AGUS CUIR FEABHAS  
AIR. NUAIR NACH ANN DÓ, CEAP É”.**

**Sir Henry Royce, 1863 – 1933**

Cuimsíonn an ráiteas thuas le Sir Henry Royce, an fear mór de chlú Rolls Royce, gach ní a gcuirimid romhainn i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann.

Bliain ghnóthach tháirgiúil ba ea 2012. Foilsíodh Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012 de chuid an Rialtais agus cuimsíodh ann gníomhartha agus cuspóirí tábhachtacha do SFI, gach ceann díobh atá bainte amach againn. Tá áthas ar SFI tiomantas leanúnach an Rialtais a fheiceáil maidir le hinfheistíocht i dtaighde eolaíoch chomh maith leis an tuiscint atá aige faoi thábhacht na hinfheistíochta céanna don fhorbairt eacnamaíoch agus sochaíoch san am amach romhainn.

Foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochtaí Taighde de chuid Rialtas na hÉireann i mí an Mhárta 2012, agus glacadh leis ina dhiaidh sin mar Bheartas Rialtais agus cuireadh iallach ar na gníomhaireachtaí maoinithe éagsúla, SFI san áireamh, í a chur i bhfeidhm. Bunaíodh an Grúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta (PAG), faoi chathaoirleacht an Uasail Seán Ó Searlóg, Aire Taighde agus Nuálaíochta, chun gníomhartha a spreagadh agus a chomhordú idir na gníomhaireachtaí maoinithe éagsúla.

Ní ionann tíortha beaga agus tíortha móra atá scálaithe anuas. Maidir leis na córais eolaíochta i dtíortha móra amháil na Stáit Aontaithe, an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin s.rl., ina gcuimsítear na gnéithe ar fad na n-eolaíochtaí ar fad, ní scálaíonn siad anuas ná ní oibríonn siad i dtíortha beaga cosúil le hÉire, ina bhfuil daonra teoranta agus buiséad teoranta. Ní féidir linn gach rud a dhéanamh go maith, mar sin is í straitéis an Rialtais tús áite a thabhairt do roinnt réimsí leathana ina mbeifí ag súil go mbeadh Éire chun tosaigh go hidirnáisiúnta agus go mbainfeadh sí tairbhe as infheistíocht taighde dá leithéid. Is saghas speisialtóireachta cliste é an Cleachtadh Náisiúnta um Beartas Tosaíochta Taighde (NRPE), atá anois mar riachtanas ar bhallstáit an AE chun sruthanna maoinithe éagsúla de chuid an AE a tharraingt anuas agus a bhíodh, nó a bhíonn, in úsáid i bhformhór na dtíortha beaga ar fud an domhain, mar aon le roinnt de na cinn mhóra.

Gan dabht, is cleachtadh a bhaineann le pointe ama faoi leith é an Tuarascáil um Beartas Tosaíochta Taighde, agus d’fhéadfaí a bheith ag súil leis, le himeacht ama, go dtiocfadh réimsí tosaíochta nua chun solais fad is a rachadh cinn eile i léig. Maireann an prionsabal, áfach; is é sin go ndíreodh maoiniú mór taighde isteach ar roinnt réimsí straitéiseacha a d’fhéadfadh a bheith ar leas eacnamaíoch agus sochaíoch na hÉireann.

D’fhreagair SFI go tapa don Bheartas Náisiúnta Tosaíochta Taighde. Ar an gcéad dul síos, i gcomhairle leis an bpopal acadúil, tionsclaíoch agus seirbhíse, d’fhorbraíomar ár straitéis nua do na seacht mbliana amach romhainn, eadhon Clár Oibre 2020. Tá ceithre phríomhcholún ag an bplean straitéiseach: Eolaíocht agus Tionchar den Chéad Scoth, Comhpháirtíocht, For-Rochtain agus Eagraíocht Éifeachtúil na Seirbhíse Poiblí. Faoi gach ceann de na colúin seo cuirtear in iúl roinnt spriocanna tábhachtacha. Déantar cur síos ar thábhacht na sprice, mar aon leis na gníomhartha riachtanacha ionas cuspóirí na sprice a bhaint amach agus na mór-tháscairí feidhmíochta ar a ndéanfar monatóireacht le dul chun cinn a mheasúnú.

Leagann Clár Oibre 2020 amach straitéis shoiléir uailmhianach do SFI thar na seacht mbliana amach romhainn. Coimeádfaidh SFI caighdeán ard di féin i leith feabhais eolaíochta. Is cuma más taighde bunúsach nó feidhmeach atá i gceist, gearrthearma nó fadtéarma, tiomáinte ag an bhfiosracht, nó spreagtha ag feidhm nó riachtanais: is díomhaoin an taighde nach bhfuil thar mholadh beirte do



*Sa phictiúr ag fógairt infheistíochta SFI de chuid €35 milliún i mbonneagar taighde tá an tUas. Risteárd De Briotún TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI, an tOll. Valeria Nicolosi, CRANN, TCD, agus an tUas. Seán Ó Searlóg TD, Aire Taighde & Nuálaíochta.*

gach duine. Gan dabht ar bith tá sármhaitheas riachtanach, ach cé go bhfuil sármhaitheas riachtanach, ní leor é. Tá gá againn chomh maith le tionchar; tionchar eacnamaíoch, sochaíoch, sláinte, timpeallachta, beartas, agus as díobh siúd is é tionchar eacnamaíoch, cruthú fostaíochta san áireamh, an ceann is tábhachtaí d'Éirinn sa lá atá inniu ann.

D'fhonn Clár Oibre 2020 a chur i bhfeidhm, cuireadh roinnt gníomhartha tábhachtacha i gcrích i mbliana. I dtús báire rinneadh athstruchtúrú inmheánach ar SFI chun go mbeadh líon i bhfad níos lú rannóg ann: Réamh-Dhámhachtain agus Iar-Dhámhachtain le samhail soláthar foirne ard-iomlaoide maidir leis na hOifigigh Chláir Eolaíochta chomh maith le scéim intéirneachta nua. Ba cheart go gcuirfeadh an struchtúr nua solúbtha seo ar chumas SFI dul i ngleic leis na riachtanais a théann leis an straitéis nua agus a théann le bonn foirne atá á laghdú de réir Chreatlach Shrianta Fhostaíochta an Rialtais don Eanáil Phoiblí. Ar an dara dul síos, rinneadh cuíchóiriú ar Chláir Mhaoinithe Taighde SFI anuas go 20 clár a chuimsíonn gach gné de ghníomhaíochtaí SFI. Déantar cur síos gonta orthu agus cuirtear in iúl inár dTuarascáil Bhliantúil na cláir faoi leith a bheidh á n-oibriú in aon bhliain amháin. Cuimsíonn na cláir sin an réimse iomlán d'ionstraimí maoinithe ó Lárionaid mhórscaála, maoiniú tionscadail, maoiniú d'imscrúdaitheoirí óga, dreasachtaí chun cur isteach ar mhaoiniú ERC, scéim comhpháirtíochta, scéim na hollúnachta taighde, comhdhálacha agus ceardlanna s.rl. Ar nós na bpleananna maithe infheistíochta go léir, tá punann éagsúlaithe de riosca neamhghaolaithe ag SFI, mar shampla téamaí faoi leith i réimsí atá tábhachtach ar bhonn straitéise náisiúnta, glaonna oscailte ón mbonn aníos, tacaíocht don óige, scéimeanna chun ceannasaithe eolaíochta den chéad scoth a earcú, lárionaid mhórscaála, tionscadail imscrúdaitheora níos lú s.rl.

Rinneadh athrú ar roinnt clár a bhí ann cheana féin nó bunaíodh roinnt clár nua, mar shampla Lárionaid Taighde, Clár Comhpháirtíochta, Glaonna Téamacha faoi IVP, Comhaltacht Tionscail, ISCA, Cláir Tacaíochta agus Forbartha ERC, Bonneagar Taighde agus Scéim Intéirneachta SFI. Sna cláir sin go léir rinne SFI iarracht a bheith soiléir faoina bhfuil á iarraidh a bhaint amach leis an scéim maoinithe agus conas a bhfuilimid chun rathúlacht a thomhas.

Fanann athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta ina chuid lárnach de nósanna imeachta SFI. Anuas ar athbhreithniú idirnáisiúnta piaraí a oibriú d'fhonn sármhaitheas eolaíochta, chuireamar leis an méid sin, i gcláir chuí, trí athbhreithniú idirnáisiúnta ar thionchar ag baint úsáid as daoine le taithí ábhartha ó chúlra cuí. Rinneamar comhairliúchán ar chritéir an Chleachtaidh Náisiúnta um Beartas Tosaíochta Taighde a bhainfidh le gach ceann den na cláir a oibríonn SFI, agus iad foilsithe againn freisin, agus leanfaimid leis an nós seo gach bliain. Tá na critéir thosaíochta curtha i bhfeidhm againn go tuisceanach, mar shampla tá riachtanas ard le comhlíonadh agus le tionchar ionchasach eacnamaíoch a thaispeáint i gcás chláir na Lárionad, ach tá fócas laghdaithe mar gheall air sin i gcás na scéimeanna a thugann tacaíocht do thaighdeoirí óga ard-acmhainne.

Déanann roinnt clár a ndícheall rannpháirtíocht agus ábharthacht tionscail a bhaint amach agus an t-éiceachóras

## CÁS-STAIDÉAR 02

### COMHOIBRIÚ TAIGHDE IDIR FUJITSU AGUS DERI

**I mí Iúil 2012 d'fhógair Fujitsu Ireland go ndéanfadh Fujitsu Laboratories Teo, fochuideachta faoi lánúinéireacht Fujitsu, an chuideachta mhór dhomhanda TFC, infheistíocht shuntasach i gclár taighde leis an Institiúid um Thaighde ar an bhFiontraíocht Dhigiteach (DERI), lonnaithe in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.**

Déanfar an taighde i réimse na faisnéise gréasánaí, le samhlacha agus deiseanna tráchtála nua á n-aithint chun úsáid a bhaint as an méid ollmhór de shonraí, statach agus dinimiciúil, atá ar an Idirlíon, chun é a dhéanamh níos áisiúla d'úsáideoirí deiridh dá bharr. Tá an tionscadal taighde maoinithe go hiomlán ag Fujitsu agus chinntigh tacaíocht ó IDA Ireland bunú rathúil an tionscadail taighde.

Agus í ag déanamh tráchta ar an tionchar dearfach a bheidh aige seo ar Éirinn, dúirt Regina Moran Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fujitsu Ireland, "Is é sprioc an chlár taighde a chinntiú go mbeidh na torthaí a thagann as ina síolta do nuálaíocht i leith seirbhísí agus táirgí tráchtála anseo in Éirinn. Má tá Éire chun a bheith ina ceannasaí maidir le nuálaíocht teicneolaíochta, tá infheistíocht i gcláir taighde den scoth mar an ceann seo, anseo in Éirinn, ríthábhachtach. Ní féidir linn fanacht ar na cliatháin go dtí go sroicheann nuálaíochtaí ó áiteanna eile sa domhan muidne, caithfimid ceannasaíocht a thaispeáint."





## CÁS-STAIDÉAR 03

### EISPÉIREAS NA HIDIRBHLIANA 2012 DO BHI THEOLAITHE IONCHAIS APC

**Chaith sé mhac léinn idirbhliana is fiche ó ar fud na hÉireann seachtain ag Ionad Cógasbhitheach an Bhia (APC), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, atá tacaithe ag SFI, chun eolaíocht agus taighde bitheolaíoch a iniúchadh.**

Bhí seachtain ghnóthach ag na daltaí le turgnaimh theagmhálacha sa mhicribhitheolaíocht, in eolaíocht an bhia agus san anatamaíocht, iad ag foghlaim faoi thaighde agus teicneolaíochtaí de chuid APC. Thug na daltaí cuairt ar an Anonad Scagdhéalaithe ag Ospidéal Ollscoil Chorcaí áit inar léirigh an Dr. Liam Plant agus a chuid comhghleacaithe tábhacht na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na hinnealtóireachta bithleighis i gcomhair scagdhéalaithe shlán éifeachtaigh san ospidéal nó sa bhaile. Chomh maith leis sin bhí turas ag na daltaí ar ionad barr feabhais de chuid Merck MSD i mBruíonaigh, Co. Chorcaí, áit atá saindirithe ar choipeadh, ar íonú agus ar líonadh steiriúil de tháirgí biteicneolaíochta. Anuas air sin bhí ceardlanna ag na daltaí faoi bhia géinathraithe, gairmeacha beatha, CVanna agus scileanna léirithe, agus bhí turas acu ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá an clár Eispéireas na hidirbhliana do Bhitheolaithe Ionchais [Budding Biologists Transition Year Experience] á reáchtáil le cúig bliana anuas agus tá éileamh mór air, le breis is 80 iarratasóir i mbliana. Is féidir a thuilleadh sonraí a fheiceáil ag <http://apc.ucc.ie>.



taighde in Éirinn a thógáil. Dá bharr sin, mar shampla, thugamar sainordú do na Lárionaid go dtiocfadh ar a laghad 30% den mhaoiniú ó tionscal agus ar a laghad 10% i bhfoirm airgid thirim. Sháraigh na tograí iomlána go léir a tháinig isteach an mhéadracht seo. Anuas air sin spreagamar, nuair a bhí a leithéid cuí, comhoibriú tionscail ar mhaoiniú tionscadal IvP agus thugamar isteach glaonna téamacha maoinithe, mar shampla comh-phleanáil le comhghleacaithe in Teagasc ar cheist Agraibhia na Todhchaí le haghaidh chomhghairm IvP. Amach anseo déanfar malartú go bliantúil ar na glaonna IvP a chuirfear amach, glaonna téamacha bliain amháin agus glaonna oscailte an bhliain eile. Lena chois sin, ceadaíonn Scéim Chomhaltachta Tionscail SFI do shocrúchán taighdeoirí maoinithe ag SFI sa tionscal, aon áit ar domhan, chun clár taighde comhoibríoch a dhéanamh. Ba cheart ní amháin go gcuirfeadh an scéim seo leis an éiceachóras taighde ach go mbeadh sí mar chláir forbartha gairme do mhórán dár gcuid taighdeoirí ardchaighdeáin a rachadh le fostaíocht san earnáil phríobháideach. Is scéim uathúil solúbtha í Scéim Comhpháirtíochta SFI atá dirithe ar thaighde den chéad scoth le tionchar ionchasach i gcomhair le tionscal. Is é ceann de na háilleachtaí atá ag an eolaíocht ná an acmhainn atá aici saibhreas a chruthú chomh maith le feabhas a chur ar fholláine shochoaíoch, sláinte agus an timpeallacht, agus an fhiosracht ó dhúchas atá ionainn a shásamh faoi ábhar an domhain agus conas a oibríonn sé.

I mbliana leagadh cúram Chláir Discover Science and Engineering (DSE) ar SFI ó Forfás agus táimid tar éis tosú ar ghníomhaíochtaí DSE a chomhtháthú isteach in oibríochtaí SFI. Agus an sainchúram breise orainn le haghaidh rannpháirtíochta agus for-rochtana poiblí, beimid ag déanamh athchóiriú ar na gníomhaíochtaí sin d'fhonn an acmhainn agus tionchar is mó a bhaint as na cláir for-rochtana ar fad atá á maoiniú ag SFI, m.sh. trí Lárionaid, Lárionaid um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (CSETanna), Comhdhálacha agus Ceardlanna, Clár DSE s.r.l. Tá tábhacht do thodhchaí na hÉireann ag dul le daoine óga a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar ábhair eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice, iad ag dul ar aghaidh agus ag baint úsáide as a gcuid cáilíochtaí eolaíochta i ngairm a thugann sásamh dóibh, mar aon le pobal mór atá feasach faoin eolaíocht agus atá compordach leis an eolaíocht mar úsáideoirí agus táirgeoirí araon.

Is mian linn úsáid a bhaint as airgead SFI mar chatalaíoch chun gníomhartha a thosú agus a spreagadh agus chun cur ar chumas grúpaí taighde in Éirinn dul in iomaíocht go domhanda sa tóir ar mhaoiniú breise. Tá maoiniú taighde ón Aontas Eorpach tábhachtach do ghrúpaí taighde in Éirinn agus i mbliana chuireamar tús le scéimeanna chun cabhrú le daoine teacht go rathúil ar thacaíocht ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) trínár scéimeanna nua um thacaíocht agus forbairt. I mbliana rinne sínitheoir d'Éirinn ar thionscnamh na Brasaíle 'Eolaíocht gan Teorainneacha' agus is féidir le grúpaí taighde in Éirinn anois daoine tallannacha ón mBrasaíl a earcú. I gcomhar le NSF, NIH agus Invest NI, tá SFI tar éis raon a cláir Stáit Aontaithe-Éireann a fheabhsú agus a leathnú agus trí Líonra na nGéanna Fiáine táimid ag iarraidh teagmháil a dhéanamh le diaspora eolaíoch na hÉireann i slite cuiditheacha d'fhonn tacú agus cabhrú leis an bpobal taighde mór in Éirinn.

Agus maoiniú á dhíriú ar líon beag tíortha thar lear trí na glaonna nua ISCA, ba mhian le SFI cabhrú le pobal thaighde na hÉireann d'fhonn comhair suntasacha a fhorbairt le tíortha

tábhachtacha thar lear. Le himeacht ama táimid ag súil go dtiocfaidh na comhair sin chun aibíochta mar fheidhmeanna comhoibríocha trínar scéimeanna maoinithe éagsúla a chuirfidh airgead ar fáil do na grúpaí in Éirinn, fad is a chuirfidh maoinitheoirí agus scéimeanna inchomparáide i dtíortha aíochta airgead ar fáil don ghrúpa comhoibríoch thar lear.

D'éirigh go geal le cruinniú ESOE i mBaile Átha Cliath agus tá comhghairdeas mór tuillte ag an Oll. Patrick Cunningham agus an fhoireann aige as a leithéid de chruinniú den scoth a eagrú agus as an gclár faidreiseach a cuireadh ar bun ar feadh na bliana mar chuid de Bhaile Átha Cliath Cathair na hEolaíochta. Le linn 2012, bhí sé mar phribhléid mhór agam glacadh leis na dualgais bhreise a théann le ról an Phríomhchomhairleora Eolaíochta tar éis scoir an Ollaimh Patrick Cunningham agus díothú an CSA mar oifig faoi leith. Ba mhaith liom ómós a thabhairt don Ollamh Cunningham agus mo bhuíochas a ghabháil leis as a chuid oibre den scoth, go háirithe mar gheall ar an ócáid rathúil ESOE.

Mar chuid de rannpháirtíocht idirnáisiúnta níos leithne ghlac mé páirt sa Chomhairle Taighde Domhanda a thugann le chéile na maoinitheoirí taighde móra ó gach cearn den domhan agus, mar Phríomhchomhairleoir Eolaíochta, ghlac mé páirt i dtionscnamh nua de chuid na sé ard-thír bheaga (an Nua-Shéalainn, Iosrael, Singeapór, an Fhionlainn, an Danmhairg agus Éire) a chuireann rompu obair le chéile ar bheartas eolaíochta agus eacnamaíoch, ar chomparáid a dhéanamh ar thionscnaimh, ar thagarmharcáil a fhorbairt, ar mhéadracht measúnaithe nua s.r.l.

I rith 2012 d'fhág roinnt comhaltaí foirne sinsearaí SFI: an Dr. Paul Dodd, ar ceapadh dó mar Leas-Seansailéir Comhlach um Thaighde Idirdhisciplíneach agus Tionscnaimh Straitéiseacha, Ollscoil California, Berkeley; an Dr. Stephen Simpson, ar ceapadh dó mar Stiúrthóir um Chláir Thaighde ag Arthritis Research UK; agus an tOll. Fionn Murtagh. Gabhaimid buíochas leo as gach ar thug siad do SFI. Mar an gcéanna san athchóiriú inmheánach laistigh de SFI, tá buíochas mór i ndán don Dr. Ruth Freeman as a ceannasaíocht ar Stiúrthóireacht um Chláir, Fiontraíocht & Gnóthaí Idirnáisiúnta a chuimsíonn na foirne nua Réamh-Dhámhachtain agus Iar-Dhámhachtain, iad faoi cheannas an Dr. Lisa Higgins agus an Dr. Marion Boland faoi seach.

Léirigh 2012 feidhmíocht mhéadaitheach i réimsí éagsúla ag pobal mór taighde SFI, mar shampla méadú 16% i bhfoilseacháin taighde, méadú 20% i gcomhoibriú le tionscal agus méadú 10% i maoiniú gearáilte go háirithe ón AE, mar a shonraítear níos déanaí sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Leis an bhfeidhmíocht mhéadaitheach seo de chuid phobal taighde na hÉireann, in éineacht lenár straitéis shoiléir Clár Oibre 2020, cláir sainithe agus eagraíocht athchóirithe, tugtar an-mhuinín dom gur féidir linn éachtaí níos mó arís a bhaint amach san am atá le teacht.



#### An tOll. Mark W.J. Ferguson


Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann

## CÁS-STAIDÉAR 04

### AG TABHAIRT AISTRIÚCHÁIN UATHOIBRÍOCH CHUIG AN NÉAL

**Do chuideachtaí atá ag iarraidh idirnáisiúnta a dhéanamh, cuireann aistriúchán uathoibríoch slí réasúnta tapa agus éifeachtúil ó thaobh costais de ar fáil chun eolas táirge agus seirbhíse a thabhairt i dteangacha iasachta.**

Tá ríomhchumhacht nach beag de dhíth ar aistriúchán uathoibríoch, áfach, agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair do chuideachtaí aistriúcháin rochtain a fháil uirthi. Tá gnólacht nuathionscanta ó Bhaile Átha Cliath, Xcelerator, tar éis €1 milliún de mhaoiniú a ghnóthú do tháirge aistriúcháin nua uathoibríoch staitistiúil atá bunaithe sa néal, rud a chiallaíonn nach bhfuil ar chuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí aistriúcháin a bheith buartha faoi ríomhchumhacht ná cruá-earraí speisialta. Lena bhunús i saothar glanta sonraí de chuid an Lárionaid um Logánú den Chéad Ghluín Eile (CNGL), arna mhaoiniú ag SFI, ceadaíonn KantanMT do chliant ar bheagán taithí nó gan aon taithí acu ar aistriúchán uathoibríoch, a gcuid inneall aistriúcháin uathoibríoch féin a chruthú agus cáipéisí a aistriú, trí chomhéadan simplí ar an nGréasán. Bunaithe in 2012, tá deich bpost ardluacha cruthaithe ag Xcelerator d'Éirinn.



An tUas. Tony O'Dowd, Bunaitheoir agus Príomhoifigeach Feidhmíocháin de chuid Xcelerator Machine Translations Teo agus an tUas. Steve Gotz, Bainisteoir Forbartha Tráchtála, CNGL.



# FORBHREATHNÚ AR 2012 PRÍOMH-CHLOCHA MÍLE

## EANÁIR

Glacann SFI páirt i gComórtas & Taispeántas BT an Eolaí Óig 2012.

Ceapann Bord SFI an tOll. Mark Ferguson ina Ard-Stiúrthóir ar SFI.

Seoltar Glao na Lárionad Taighde SFI.



Glacann an Institiúid Diagnóise Bithleighis (BDI) páirt ag seastán SFI ag Comórtas BT an Eolaí Óig.

## FEABHRA

Fógraítear infheistíocht de chuid €7.2 milliún in 65 dámhachtain taighde mar chuid de Dhámhachtainí Forbartha um Nuálaíocht Teicneolaíochta (TIDA) SFI.

Mar chuid d'atheagrú na hearnála poiblí, d'fhógair an tAire de Briotún aistriú an Chláir Discover Science and Engineering ó Forfás go SFI.

## MÁRTA

Reáchtáil SFI, i gcomhpháirtíocht le hAmbasáid na hÉireann, Washington DC, fóram dar teideal "Diaspóra Eolaíoch na hÉireann: Ag Ceiliúradh Ratha agus ag Tacú le Geilleagar na hÉireann" [The Irish Scientific Diaspora: Celebrating Success and Supporting Ireland's Economy].

Foilsítear Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde.

## AIBREÁN

D'fhógair SFI maoiniú de chuid €12.8 milliún i gcomhair 23 thaighdeoir eolaíoch luathghairme le hobair cheannródaíoch a chur i gcrích in Éirinn faoin gclár SIRG.

Cheap an tOll. James Gleeson, Ollscoil Luimnigh, teicníc nua mhatamaitice a bhfuil ar a cumas réamh-mheas níos beaichte a sholáthar ar fheiniméin leata cosúil le heipidéimí, víris ríomhaireachta agus treochtaí sna meáin shóisialta.

Fuair an tOll. Jim Greer agus an Dr. Paul Hurley ag Institiúid Náisiúnta Tyndall Dámhachtain Intel Scoth na dTaighdeoirí 2012; ba iad an t-aon bheirt thaighdeoirí lasmuigh de SAM a fuair an dámhachtain tionscnaimh seo.

Seoladh Glao Infreastruchtúir SFI.

## BEALTAINE

Sheol Ollscoil Luimnigh ATTLAS (Rochtain ar Sheirbhísí Anailíseacha Tríú Leibhéal), tairseach bunaithe ar an ngréasán chun sonraí a thabhairt do Thionscal Cógaisíochta maidir leis na háiseanna, trealamh, agus seirbhísí anailíseacha atá ar fáil in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann.

Ghlac an tOll. Mark Ferguson páirt i gcruinniú tionscnaimh na Comhairle Taighde Domhanda (GRC) in Washington DC, i dteannta le ceannairí na gcomhairlí taighde ó 44 thír dhlúth-thaighde.

## MEITHEAMH

Thaispeáin dochtúirí i gCorcaigh gur féidir nochtadh radaíochta d'othair le galar Crohn, a gcuirtear ar aghaidh chuig scanadh CAT iad (tomagrafaíoch ríomhairithe), gur féidir é a laghdú go mór fad is a choimeádtar an cruinneas diagnóiseach.

## IÚIL

Bhí Éire mar óstach don chruinniú eolaíochta ginearálta is mó san Eoraip; bhí Fóram Oscailte Eolaíochta na hEorpa (ESOF) 2012 ar siúl san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath. D'fhreastail os cionn 4,500 duine ar an ócáid.

Seoladh an chéad Chlár um Dhámhachtain Chomhoibriú Straitéiseach Idirnáisiúnta SFI (ISCA).



Síníonn an tUas. Joe Costello, TD, Aire Trádála agus Forbartha, comhaontú sa Bhrasaíl.

## LÚNASA

Shínigh an Líonra Barr Feabhais le haghaidh Bithábhar Feidhmiúil (NFB) ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh Meabhrán Tuisceana (MOU) le mór-institiúid taighde na Síne, Comh-Acadamh Idirnáisiúnta Tianjin um Biteicneolaíocht agus Leigheas (TJAB), agus le mór-chuideachta teicneolaíochta míochaine na Síne, Grúpa Teicneolaíochta Míochaine China Nucleon (CNPK).

Nochtadh slite nua a dtéann víris i gcionn ar fhreagairt imdhíonachta an duine i bpáipéar taighde foilsithe in Nature a raibh eolaithe ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath bainteach leis. Bhí an Dr. Orla Mulhern agus an tOll. Andrew Bowie, Scoil na Bithcheimice agus na hIldhíoneolaíochta, mar chuid den staidéar ildisciplíneach, ilionadach a chuimsigh imdhíoneolaithe, víreolaithe, bithcheimiceoirí agus bithfhaisnéisithe ó ar fud na hEorpa.

## MEÁN FÓMHAIR

Sheol an tAire Ó Searlóg feachtas 'Todhchaí Chliste' [Smart Futures] chun mic léinn a chur ag machnamh faoi ghairmeacha san eolaíocht agus teicneolaíocht.

Sheol SFI próiseas comhairliúcháin phoiblí i ndáil lena dréacht-straitéis Clár Oibre 2020 agus Plean Oibríochta do 2013.



An tUas. Seán Ó Searlóg, TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta agus Ard-Stiúrthóir SFI, an tOllamh Mark Ferguson, sa phictiúr ag Fóram Oscailte Euroscience (ESOF).

## DEIREADH FÓMHAIR

Tar éis díothú oifig faoi leith an Phríomhchomhairleora Eolaíochta don Rialtas, ghlac an tOll. Mark Ferguson leis na dualgais bhreise a théann le ról an Phríomhchomhairleora Eolaíochta don Rialtas.

D'aimsigh taighdeoirí ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, feidhm géine i leith rialú ar mhéid na bpróitéiní cosanta darb ainm 'inteirféaróin' a dhéantar mar fhreagairt do víreas, rud a d'fhéadfadh a bheith mar chabhair i gcóir leighis do ghalair a oibríonn trí mheán imdhíonachta.

Shínigh Éire comhaontas maidir le hoideachas agus taighde leis an mBrasaíl mar chuid de Chlár na Brasaíle dar teideal Eolaíocht gan Teorainneacha.

## SAMHAIN

Foilsíodh plean straitéiseach SFI - Clár Oibre 2020.

Reáchtáladh Seachtain na hEolaíochta 2012 leis an téama Turgnamh Laethúil aici. Ghlac os cionn 200,000 duine páirt i nach mór 800 imeacht.

Ainmníodh an tOll. Michael Coey, CRANN, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar Thaighdeoir SFI na Bliana 2012 ag Cruinniú Mullaigh Eolaíochta SFI.

Bronnadh Ard-Dámhachtain ERC ar an Oll. Pete Humphries, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

D'fhógair an tAire De Briotún tacaíocht SFI i gcomhair 43 tionscadal infreastructúra ar luach €35 milliún.



Na Rubberbandits agus an Dr. Sarah Kelly ag Scoil na Sláinte agus Feidhmiú an Duine ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

## NOLLAIG

Foilsíodh an Bille um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Leasú) 2012, tar éis comhaontú ón Rialtas. Is é cuspóir an bhille cur le sainchúram SFI le go bhféadfadh sé taighde feidhmeach a mhaoiniú chomh maith leis an sainchúram reatha aige taighde bunúsach dírithe a mhaoiniú.

Tá taighdeoirí ag an Institiúid um Thaighde ar an bhFiontraíocht Dhigiteach (DERI) ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag stiúradh tionscnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh, ar fiú na milliúin euro é, dírithe ar thréadhearcacht rialtasach. Sheol an tionscadal, dar teideal 'Trína Chéile ag Beartas' [Puzzled by Policy], giuirléid nua (<http://join.puzzledbypolicy.eu>) a thugann slí spráuil d'úsáideoirí fáil amach faoi bheartas inimirce agus a bheith gníomhach i bpróiseas ceaptha beartais inimirce.

# FORBHREATHNÚ AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ 2012

Ba bhliain mhór í 2012 don eolaíocht in Éirinn. Lean SFI lena tiomantas spríodhírthe i leith maoiniú agus tacaíocht do thaighde eolaíoch agus innealtóireachta den chéad scoth a bhfuil tionchar maith aige ar an ngeilleagar agus ar an sochaí. Bhí roinnt imeachtaí agus gníomhaíochtaí iomráiteacha ag an eagraíocht le linn na bliana. Lean SFI ar aghaidh ag cur spríocanna tábhachtacha i gcrích, eadhon:

- forbairt ar bhunús inchreidte d'fhoirne taighde den scoth tríd an earnáil ardoideachais;
- méadú i bhfoilseacháin eolaíocha;
- méadú ar líon na nascálacha idir an tionscal agus taighdeoirí acadúla;
- forbairt ar chláir nua maoinithe chun cur leis an idirghníomhaíocht le tionscal, chun tacú le bonneagar, chun taighdeoirí óga luathghairme agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta a spreagadh.

Thug SFI faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí faoina plean straitéiseach uailmhianach seacht mbliana agus a plean oibríochtúil. Ag leanúint ón bpróiseas seo, d'fhoilsigh SFI Clár Oibre 2020 ina leagtar amach ceithre phríomhspríoc, na straitéisí chun iad a bhaint amach, agus na táscairí feidhmíochta a n-úsáidfear chun dul chun cinn SFI a thomhas.

Is iad ceithre spríoc SFI:

1. A bheith ar an ngníomhaireacht maoinithe eolaíochta is fearr ar domhan i ndáil le tionchar a chruthú ó thaighde den chéad scoth agus luach soiléir ar airgead infheistithe a léiriú.
2. A bheith mar eiseamláir i leith comhpháirtíochta a fhorbairt a dhéanann maoiniú ar eolaíocht den chéad scoth agus a chuireann chun cinn í sa mhargadh agus sa tsochaí.
3. An pobal is rannpháirtí agus is eolaí ar bhonn eolaíoch a bheith againn.
4. Ionadaíocht a dhéanamh ar eagraíocht nua-aimseartha idéalach na seirbhíse poiblí, le soláthar foirne ar bhonn barainneach agus solúbtha, le bainistíocht éifeachtúil agus éifeachtach.


Sa cháipéis Clár Oibre 2020, déantar mionléiriú ar gach cuspóir trí na gcúiseanna lena bhfuil tábhacht leis a leagan amach, na gníomhartha a chuirfear i gcrích chun é a bhaint amach agus na mór-tháscairí feidhmíochta a n-úsáidfear chun dul chun cinn a thomhas. Gach bliain, ag tosú ag deireadh 2013, foilseoidh SFI iniúchadh ar dhul chun cinn chomh maith le plean bliantúil.

## AG TACÚ LE DAOINE

Is i gcroílár ghníomhaíochtaí SFI atá tacú le bunús taighde acadúil atá iomaíoch go hidirnáisiúnta, i dteannta le hoiliúint a chur ar ardchaighdeán taighdeoirí, go háirithe céimithe PhD. Le linn 2012, thacaigh SFI go díreach le breis is 2,800 taighdeoir ar 445 dámhachtain taighde ghníomhacha á dtreorú ag 418 sealbhóir dámhachtana. Daoine nach Éireannaigh iad is ea 30% de shealbhóirí dámhachtana SFI. I measc na náisiúntachtaí idirnáisiúnta leis an ionadaíocht is mó áirítear an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Ina iomláine d'fhág 627 comhalta foirne grúpaí arna maoiniú ag SFI in 2012, i gcomparáid le 535 duine in 2011. Astu siúd, d'fhan níos mó ná leath díobh in Éirinn, fad is a bhog 45% díobh thar lear, treocht nach raibh ró-éagsúil ó na blianta beaga seo thart. Chuaigh aon trian de na daoine a d'fhág foirne arna maoiniú ag SFI in 2012 isteach i dtionscal, le 60% den mhéid sin ag glacadh le fostaíocht sa tionscal in Éirinn.

## Náisiúntacht na Sealbhóirí Dámhachtana in 2012



## SÁRMHAITHEAS TAIGHDE

Thuiriscigh taighdeoirí arna maoiniú ag SFI líon iomlán de 5,792 foilseachán in 2012. Luadh 3,351 foilseachán le maoiniú ón SFI (is é sin an figiúr céanna a bhí ann in 2011), agus luadh 2,441 le foinsí eile maoinithe.

Lena chois sin, tuairiscíodh 735 foilseachán ó dhámhachtainí neamhghníomhacha SFI. Tá comhúdair ainmnithe a bhfuil seoladh lasmuigh d'Éirinn acu luaite le 37% de na foilseacháin tuairiscithe ó dhámhachtainí neamhghníomhacha SFI. Tá 40% d'fhoilseacháin arna maoiniú ag SFI ar fáil i dtaisclanna um rochtain oscailte.

	IOMLÁN Ó MHAOINIÚ SFI	FOINSÍ MAOINITHE EILE	IOMLÁN
<b>Aschuir Thaighde Iomlán</b>	<b>3,351</b>	<b>2,441</b>	<b>5,792</b>
Aschuir le comhúdar neamh-Éireannach	36.8%	38.0%	37.3%
Aschuir ar fáil i dTaisclanna um Rochtain Oscailte	39.9%	26.4%	34.2%
Aschuir Creidiúnaithe SFI	81.1%	30.2%	59.7%

Trí infheistíocht SFI, le blianta beaga anuas tá Éire tar éis a háit a dhaingniú i rangú idirnáisiúnta ar chumas taighde eolaíoch. Choinnigh Éire a háit trí chéile sna 20 tír is airde. Anuas air sin, tá láidreachtaí áirithe tar éis teacht chun cinn agus muid sa 3ú háit ar domhan maidir le himdhíoneolaíocht, sa 6ú háit maidir le nanaitheicneolaíocht agus san 8ú háit maidir le heolaíocht na n-ábhar.

*Tábla Foilseachán 2012  
Rangú Tíre (Thomson Reuters)*

#### Liostaithe de réir Luanna in aghaidh an Pháipéir

1	AN EILVÉIS
2	AN DANMHAIRG
3	SAM
4	AN ÍSILTÍR
5	ALBAIN
6	SASANA
7	AN TSUALAINN
8	AN BHEILG
9	AN FHIONLAINN
10	AN GHEARMÁIN
11	CEANADA
12	AN OSTAIR
13	IOSRAEL
14	AN IORUA
15	AN BHREATAIN BHEAG
16	AN FHRAINIC
17	AN ASTRÁIL
18	AN IODÁIL
19	TUAISCEART ÉIREANN
<b>20</b>	<b>ÉIRE</b>

Foinse: Essential Science Indicators<sup>SM</sup> ó Thomson Reuters

## CÁS-STAIDÉAR 05

### DEA-CHREATHANNA (STEIRÉO)

**Nuair is clasaicigh na 1960aidí atá i gceist, níl mórán díobh a mbíonn cuimhne níos fearr orthu ná Good Vibrations leis na Beach Boys.**

Ach le blianta fada, ní raibh i ndán do mhóidíní ach éisteacht leis an rian go monafónach amháin. Bhí steiréo as a n-aice. Mar sin féin, tá an Dr. Derry Fitzgerald, arna mhaoiniú ag SFI agus atá ina Léachtóir Stokes ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, tar éis an fhadhb a réiteach faoi conas an rian a iompú go steiréo, agus d'fhéadfadh an teicneolaíocht a d'fhorbair sé an glas a bhaint de roinnt luath-thaifeadtaí eile agus fiú d'fhéadfadh sé borradh a chur faoi athmheascadh sa bhaile agus oideachas ceoil.

Don éisteoir atá ag baint úsáide as cluasáin is amhail gurb as an 'lár' a thagann fuaimeanna rian mhonafónaigh, ach ceadaíonn steiréo d'uirlisí agus don ghuth teacht ó thaobh na láimhe clé agus na láimhe deise.




Ina chuid oibre sa Ghrúpa Taighde Fuaime ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, rith sé leis an Dr. Fitzgerald go bhféadfadh an teicneolaíocht a bhí á forbairt aige dul i ngleic leis an gceist trí ghearradh suas an chanta agus na n-uirlisí ón mbun-rian monafónach ina gcomharthaí deighilte arbh fhéidir iad ansin a athmheascadh go steiréo.

Bhain sé iarracht as le Good Vibrations agus sheol sé é chuig an innealtóir a thug faoi athmháistreacht na Beach Boys agus ar deireadh rinne sé athmheascadh ar roinnt rianta go steiréo do cheirníní ath-eisithe de chuid na Beach Boys.

D'fhéadfaí an teicneolaíocht scoilte comhartha seo a úsáid le haghaidh taifeadtaí monafónacha eile agus tá an Dr. Fitzgerald anois ag tabhairt faoi rianta de chuid Elvis Presley óg agus Frank Sinatra, agus d'fhéadfadh fiú rianta níos luaithe arís ó ré na bliana '78' tairbhe a bhaint as an bpróiseas seo.

D'fhéadfadh an cur chuige seo a bheith chun tairbhe d'athmheascadh sa bhaile agus d'oideachas ceoil. Cheadódh sé béim a leagadh ar uirlis faoi leith chun go mbeadh sé níos fusa do mhac léinn é a leanúint.

### Líon na gcuideachtaí i mbun oibre le taighdeoirí SFI ó 2008-2012



### SFI I DTEAGMHÁIL LE TIONSCAL

Tá comhoibriú acadúil-tionscail fós ar na modhanna tábhachtacha chun leas na hinfheistíochta poiblí a aistriú go forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus chun buntáiste iomaíoch a chruthú. Tá fócas láidir ag cláir SFI ar thionchar a chruthú ó thaighde atá maoinithe ag comhpháirtíocht chomhoibríoch le tionscal. Tá méadú mór tagtha ar an rannpháirtíocht seo le blianta beaga anuas. In 2012, thuairiscigh taighdeoirí arna maoiniú ag SFI 1,163 comhoibriúchán; is méadú 12% é seo ar líon na gcomhoibriúcháin idir taighdeoirí SFI agus cuideachtaí, ranna rialtais agus earnáil na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha. D'ardaigh líon na nascálacha le tionscal suas go 1,067 i gcomparáid le 939 in 2011. Bhí páirt ag 703 cuideachta sa chaidreamh seo i gcomparáid le 583 in 2011.

Tháinig méadú 5% ar líon na nascálacha le corparáidí ilnáisiúnta go 540, agus 274 cuideachta bainteach leo. Bhí méadú 24% ar líon na gcaidreamh le gnóthais bheaga agus mheánmhéide go 527, le naisc go 428 cuideachta. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil méadú beagnach 300% tagtha ar líon na gcaidreamh idir taighdeoirí SFI agus gnóthais bheaga agus mheánmhéide le cúig bliana anuas, ó 108 in 2009 go 428 in 2012.

Tá comhaontaithe dlíthiúla ag breis agus leath díobh (59%) a chomhoibrigh le tionscal agus cuireann 50% in iúl gurb é taighde comhoibríoch an aidhm leo.

	COMHOIBRÍÚCHÁIN 2012	COMHOIBRÍÚCHÁIN 2011
Corparáidí Ilnáisiúnta	540	515
Fiontair Bheaga & Mheánmhéide	527	424
Ranna Rialtais nó Comhlachtaí Leathstáit	70	73
Fondúireachtaí Príobháideacha/ Carthanais/ Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENR)	26	23
<b>Iomlán de réir Dámhachtana</b>	<b>1,163</b>	<b>1,035</b>

Anuas ar na naisc le tionscal, tá fócas láidir chomh maith ar thráchtálú taighde le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann agus trí na hOifigí Aistrithe Teicneolaíochta. In 2012, thuairiscigh taighdeoirí SFI roinnt aschur tráchtála, lena n-áirítear:

- 14 mac-chuideachta luathchéime
- 147 nochtadh aireagáin
- 80 paitinn comhdaithe
- 25 paitinn bronnta
- Rannchuidiú le 20 caighdeán
- 30 teicneolaíocht cheadúnaithe



# TAIGHDEOIRÍ SFI

- Nascálacha Acadúla-Tionscail suas 12%
- Méadú 300% i líon na bhfiontar beaga agus meánmhéide ag nascadh le taighdeoirí SFI le cúig bliana anuas
- Taighdeoirí SFI páirteach in 1,067 nascáil tionscail
- Bhí taighdeoirí SFI ag obair le 703 cuideachta éagsúla




Agilent Technologies



MILLIPORE



# NAISC DHOMHANDA DE CHUID TAIGHDEOIRÍ SFI



- ▶ Tá Taighdeoirí SFI páirteach in 2,500 nascálacha acadúla idirnáisiúnta
- ▶ Tá comhpháirtithe de chuid Thaighdeoirí SFI lonnaithe i 68 tír

## TAIGHDEOIR SFI NA BLIANA

### FÓGRAÍODH AN TOLL. MICHAEL COEY MAR THAIGHDEOIR SFI NA BLIANA 2012

Ceapadh an tOll. Michael Coey, atá ar dhuine de mhór-eolaithe na hÉireann, mar Thaighdeoir SFI na Bliana 2012. Lonnaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, tá gairm an Ollaimh Coey breac le fionnachtana suntasacha eolaíochta. Tá an tOll. Coey ina stiúrthóir ar MANSE, an grúpa um Nanastruchtúir Mhaighnéadacha agus Leictreonaic Ghuaireála agus d'fhorbair siad ábhair nua mhaighnéadacha ar féidir iad a ghréasú go liteagrafach ina struchtúir gléasanna nanascála. Chomh maith leis sin tá an grúpa aige ag fiosrú go gníomhach tionchar an mhaighnéadais ar leictriceimic agus ar bhitheolaíocht. Fuair Coey amach chomh maith go bhfuil fearómaighnéadas folaithe neamhspleách ar dhópáin mhaighnéadacha ach ar lochtanna sna scannáin ocsaíde.

Agus é ag bronnadh na duaise ar an Ollamh Coey, dúirt an tAire Ó Searlóg, *“Le linn a ghairme fairsinge, is mór an méid atá tugtha ag Michael d’fhorbairt leanúnach na hÉireann mar ionad sármhaitheasa don taighde trí barr feabhais eolaíochta a aistriú go tionchar sochaíoch agus eacnamaíoch. Mar an t-eolaí fisiceach is mó luaithe in Éirinn, tá fionnachtana tábhachtacha déanta aige, mar shampla maignéad tearcithreach nua bunaithe ar iarann, fad is atá na glúine le teacht faoi oiliúint aige lena chuid téacsleabhar faoin mhaighnéadas agus ábhair mhaighnéadacha. Ba mhaith liom tréaslú le Michael as an ranníocaíocht fhíorluachmhar dá chuid do thaighde in Éirinn.”*



Sa phictiúr ag glacadh le Gradam Thaighdeoir SFI na Bliana 2012 tá an tOll. Mike Coey, TCD, in éineacht leis an Oll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI, agus an tAire Taighde agus Nuálaíochta, an tUas. Seán Ó Searlóg, TD.

# CÁS-STAIDÉAR 06

## TRÁCHTAS I DTRÍ

**Taispeánann comórtas na Lárionad Taighde SFI, Tráchtas i dTrí [Thesis in Three], taighde ó mhic léinn i sraith cainteanna gonta ar luas tapa ina mbíonn trí shleamhnán ar aon nóiméad díreach an ceann.**

Chuir ochtar mac léinn déag ag teacht ón naoi Lárionad SFI (CLARITY, SBI, CNGL, CRANN, Lero, BDI, CTVR, APC agus DERI), a gcuid torthaí os comhair an phobail mhóir agus painéil mholtóirí, inar cuimsíodh daoine iomráiteacha ón tionscal, na meáin agus gníomhaireachtaí stáit. Roghnaigh an painéal an taighdeoir a chuir a thaighde i láthair daoine nach speisialtóirí iad sa tslí ab éifeachtaí. Mar bhuaiteoir foriomlán na hócáide bhí Deirdre Cogan ó CLARITY: Lárionad do Theicneolaíochtaí Líonra Braiteora lena cur i láthair dar teideal “Protecting our Environment – Minus the Wellies”. Bhí Thomas Schwarzl ó Systems Biology Ireland sa dara háit lena chur i láthair siúd dar teideal “Stem Cell Therapy with Bob”. Chuaigh duais an lucht féachana chuig Emanuele Di Pascale dá chur i láthair dar teideal “The Buy Local Paradigm for Next Generation Networks”. Ba iad Aoibheann Bird ó CLARITY, Cara Greene ó CNGL agus Philip Smyth ó Systems Biology Ireland a rinne comhordú ar an ócáid.



Deirdre Cogan ó CLARITY i mbun a cur i láthair buaiteach.



Sa phictiúr ag Lá Oscailte CLARITY tá an tOll. Barry Smith, Stiúrthóir, CLARITY, an Dr. Edel O'Connor, Taighdeoir Iardhochtúireachta CLARITY, an tUas. Risteárd De Briotún TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI.

## AG GIARÁIL MAOINIÚ BREISE

In 2012, thuiriscigh taighdeoirí SFI daingniú ar bhreis is €171 milliún de mhaoiniú ó fhoinsí nach SFI iad, is é sin méadú 9.6% Bhí méadú 12% ar mhaoiniú daingnithe ó fhoinsí nach stáitchiste na hÉireann iad go dtí díreach os cionn €100 milliún. D'éirigh le taighdeoirí atá á maoiniú ag SFI €86 milliún a fháil ó fhoinsí idirnáisiúnta, ón AE go príomha.

**Méid an mhaoinithe nach ó SFI é faighte ag taighdeoirí arna maoiniú ag SFI in 2012 (de réir foinse, méideanna in €)**

	Maoiniú Seachtach Giaráilte
Aontas Eorpach	68,192,006
Fiontraíocht Éireann	27,374,828
Fiontar Priobháideach	13,955,898
An Bord Taighde Sláinte	10,204,870
IRCSET	10,056,983
Wellcome Trust	9,209,422
An tÚdarás um Ard-Oideachas	5,003,623
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	5,332,902
Foinse Eile um Rialtas na hÉireann	4,883,721
Foinse Eile um Rialtas Idirnáisiúnta	3,521,326
Carthanas/Eagraíocht Neamhbhrabúis (Éireannach)	2,977,130
Teagasc	2,621,790
GCC	1,118,648
Carthanas/Eagraíocht Neamhbhrabúis (Idirnáisiúnta)	2,488,559
Eagraíocht Leasa Idirnáisiúnta Eile	1,294,715
NIH	1,371,530
Foras na Mara	62,000
Foinse Eile	388,439
RCFAN	810,000
NSF	172,500
<b>Iomlán</b>	<b>171,040,890</b>



## EOLAÍOCHT Á CUR IN IÚL AG SFI

In 2012 bhí fócas breise ar an eolaíocht agus ar an innealtóireacht in Éirinn. I mí an Mhárta 2012, aistríodh an Clár Discover Science & Engineering (DSE) go SFI ó Forfás mar chuid d'athchóiriú na hearnála poiblí.

Ba é Fóram Oscailte Eolaíocht na hEorpa (ESOF), a bhí ar siúl in Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath ó 11-15 Iúil 2012, ceann de na himeachtaí ba mhó a bhí tacaíthe ag SFI in 2012. D'fhreastail os cionn 4,500 duine ar an ócáid. Thug an chomhdháil fócas uathúil ar thaighde eolaíoch agus leas na heolaíochta don tsochaí níos leithne. Anuas air sin, bhí rannpháirtíocht phobail níos leithne chomh maith le clár féile faoi bhritach Bhaile Átha Cliath Cathair na hEolaíochta ar feadh na bliana, le breis is 600,000 duine ag glacadh páirte in imeachtaí eolaíochta ar fud na tíre. Ba í Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta, an tOll. Patrick Cunningham, a rinne comhordú ar ESOF. Thug SFI tacaíocht don ócáid mar phríomhpháirtí agus d'oibrigh sí leis an lucht eagraíochta trí phleanáil agus fhorbairt na n-imeachtaí agus bhí ionadaíocht ar a son ar an gCoiste Eagraithe Áitiúil, ar Fhochoiste na Meán agus Margaíochta agus bhí sí ina Cathaoirleach ar an bhFochoiste um Chlár Rannpháirtíocht an Phobail.

### Buaicphointí na ngníomhaíochtaí in 2012:

- ▶ **Seachtain na hEolaíochta** - bhí os cionn 800 imeacht ar fud na tíre le linn mór-thionscnamh seo de chuid DSE, le breis is 200,000 rannpháirtí ag glacadh páirte le fócas ar Thurgnamh Laethúil.
- ▶ **Todhchaí Chliste** - rinneadh pólótú ar chomh-thionscnamh idir tionscal agus rialtas a bhí treoraithe ag DSE chun gairmeacha san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic a chur chun cinn i measc daltaí dara leibhéal. In 2012 chonacthas rannpháirtíocht dhíreach le breis is 1,300 dalta agus os cionn 58,000 cuairteoir go [www.smartfutures.ie](http://www.smartfutures.ie)
- ▶ Tá os cionn 3,376 bunscoil cláraithe leis an gclár **Discover Primary Science & Maths**, ar d 12.5%. Fuair 421 bunscoil duais maidir le Sármhaitheas Eolaíochta agus Matamaitice in 2012.
- ▶ Fuair **suímh ghréasáin DSE** 255,311 cuairt faoi leith agus 1.6 milliún amharc leathanaigh le linn 2012. Anuas air sin, fuair suíomh gréasáin SFI 79,720 cuairt faoi leith agus 468,000 amharc leathanaigh.
- ▶ Cruthaíodh **clúdach suntasach sna meáin** meáin le rannpháirtíocht na meán de chuid DSE agus SFI - 664 alt i gcló le luach thart ar €2.1 milliún.

## AN EOLAÍOCHT AGUS AN MHATAMAITIC Á OIBRIÚ AMACH AG BUNSCOILEANNA NA HÉIREANN!

Ghlac bunscoileanna ó cheann ceann na hÉireann páirt i gClár Discover Primary Science & Maths, a spreagann leanaí agus múinteoirí bunscoile chun teacht ar an eolaíocht agus ar an matamaitic i slí spraiúil idirghníomhach.



Sa phictiúr leis an Aire Taighde agus Nuálaíochta, an tUas. Seán Ó Searlóg TD, bhí daltaí bunscoile ó Scoil Mhuire, Bóthar Gifford, Dumhach Thrá. C-D: Jennifer Dowling; Sasha Tiernan; agus Izzie Dowling.

## TUGANN AN TAOISEACH CUAIRT AR SHAOTHARLANN OIDEACHAIS AGUS FOR-ROCHTANA BDI



Thug an Taoiseach, an tUas. Éanna Ó Coinnigh TD, cuairt ar Shaotharlann Oideachais agus For-Rochtana de chuid Institiúid Diagnóisice Bithleighis (BDI) i mí Iúil 2012. Bhí an chuairt i bpáirt le Lárionad don Aos Óg Ardtallainne (CTYI) ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Le linn a chuairte, bhuail an Taoiseach le daltaí ó 8 go 12 bliana d'aois a bhí ag déanamh turgnamh ceimiceach sa tsaotharlann, ina n-áirítear imoibriúcháin aigéid-buin chomh maith le féachaint ar ábhair hidreafóbacha.



## CÁS- STAIDEAR 07

### ÓN MBINSE GO COLBHA LEAPA - AG AISTRIÚ TAIGHDE BDI GO CLEACHTADH CLINICIÚIL

**Mar thoradh ar chomhoibriú BDI le comhpháirtí tionscail, Biosirfit, bhí aistriú díreach de thaighde saotharlainne isteach chuig ospidéal Éireannach.**

Sa chomhoibriú bhí innealtóireacht d'antasubstaint don phróitéin C-imoibríoch (CRP), a bhí deartha go speisialta ag BDI ionas comhtháthú a dhéanamh le hardán braite spinít® de chuid Biosurfit. Is é fócas an tástáil chúramphointe seo luathbhrath ar ionfhabhtú baictéarach i gcomparáid le víreasach, a cheadaíonn do chliniceoirí teiripe an othair a stiúradh go tapa agus go héifeachtach. Bhain an tástáil CRP spinít® deimhniú CE amach in 2012 agus go luath amach anseo déanfar measúnú air ag Ospidéal an Choim do Mhná, Baile Átha Cliath, go sonrath chun seipsise a bhrath i máithreacha agus i naíonáin. Aibhsíodh arís eile rath an chomhoibríthe nuair a fuair an tOll. Richard O'Kennedy, an Dr. Stephen Hearty agus an Dr. Barry McDonnell – na taighdeoirí BDI freagrach as an obair seo – an chéad Ghradam Uachtaráin Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath do Nuálaíocht, urraithe ag Fujitsu in 2013. Is CSET arna thacú ag SFI é BDI.



*An tAire Taighde agus Nuálaíochta, an tUas. Seán Ó Searlóg TD, agus Ard-Stiúrthóir SFI, an tOll. Mark Ferguson, in éineacht leis an Dr. James Kennedy ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain ag fógairt maoiniú ó SFI faoin gclár Dhámhachtain Forbartha um Nuálaíocht Teicneolaíochta (TIDA). Forbróidh taighde an Dr. Kennedy meinisceas saorga clíste, is é sin an loingeán a thugann cosaint don ghlúin.*

### DÁMHACHTAINÍ NUA SFI 2012

Faomhadh 224 dámhachtain nua ar luach os cionn €77 milliún thar 18 gclár á dtreorú ag 19 gcomhlacht taighde. Íocadh €156 milliún san iomlán le comhlachtaí taighde in 2012. Tá liosta iomlán de na dámhachtainí go léir a faomhadh in 2012 ar fáil ar leathanach 12. I measc na dtionscadal a faomhadh in 2012 bhí:

- Rinneadh €35 milliún d'infeistíocht in 43 tionscadal faoi Chlár Bonneagar Taighde de chuid SFI. Bronnadh an maoiniú infreastructúrach ar ghrúpaí taighde nuair a léirigh na tionscadail comhpháirtíochtaí agus comhoibríthe, naisc le tionscal, ábharthacht le réimsí taighde atá ina dtosaíochtaí d'Éirinn agus pleanáil inbhuanaithe. I measc na dtionscadal tacaithe bhí:
  - ☒ “Leictreonmhicreascóp ceartaithe ó thaobh iomraill de” i CRANN, TCD, é uathúil in Éirinn, a chuirfidh ar chumas eolaithe staidéar a dhéanamh ar ábhair laistigh d'adaimh i slite nua, é á íomháu ag deich milliún d'fhorhmheadú;
  - ☒ Suíomh tástála muirí i gCuan na Gaillimhe chun fuinneamh in-athnuaite a fhoinsiú ó chumhacht na farraige (Foras na Mara);
  - ☒ Saoráid saor ó Fhrídíní ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh i dtaca le taighde sa bhia-eolaíocht agus san eolaíocht bheatha;
  - ☒ “Córas tomagrafaíochta micrea-shoithíoch” a cheadóidh do dhochtúirí íomhánna 3-thoiseacha ardchodarsnachta a fheiceáil ó laistigh den chorp (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh);



*An tOll. Richard O'Kennedy ag glacadh leis an ngradam ó Uachtarán Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an tOll. Brian MacCraith agus Regina Moran, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fujitsu Ireland.*

- Cuireadh €12.8 milliún d'infheistíocht in 23 thionscadal taighde faoin gclár 'Deontas Taighde d'Imscrúdaitheoir Luathghairme' (SIRG) a dhíríonn isteach ar thacaíocht a thabhairt d'imscrúdaitheoirí eolaíochta luathghairme. Tá na himscrúdaitheoirí óga ag obair i réimsí tábhachtacha cosúil le fuinneamh geoiteirmeach, éiceolaíocht mhuirí, earraí teirmileictreacha, innealtóireacht fíocháin, ailse, fiobróis chisteach, imdhíoneolaíocht, néareolaíocht agus scitsifréine.
- Cuireadh €7.2 milliún d'infheistíocht isteach in 65 dhámhachtain taighde mar chuid de chlár Dhámhachtain Forbartha Nuálaíochta Teicneolaíochta (TIDA) a bhfuil sé mar sprioc aige cabhrú le grúpaí taighde arna maoiniú ag SFI díriú isteach ar na chéad chéimeanna de thionscadal taighde fheidhmigh arbh fhéidir leis leas tráchtála a bhaint as dá ndéanfaí forbairt bhreise air. Cuireann na tionscadail deiseanna móra ar fáil do thráchtálú taighde agus do chóireálacha ionchasacha i réimsí éagsúla mar chóras seachadta drugaí nua, feistí nua trasraitheora, cumarsáid gan sreang 4G, deisiú na coirne, snáthaidí cliste, fiabhras léana, diaibéiteas, fiobróis chisteach, bithmhais, chóireáil fuíolluisce agus braiteoirí fuaimiúla chun damáiste i bpíobáin a bhrath.

**224**  
DÁMHACHTAIN NUA  
FAOFA THAR

**18**  
CLÁR TREORAITHE AG

**19**  
COMHLACHT TAIGHDE

Íocaíochtaí lomlána le comhlachtaí taighde in 2012:

**€156**  
Million

## CÁS- STAIÉAR 08

### SONAS Á RIALÚ AG BAICTÉIR NA PUTÓIGE

**Tá sé léirithe ag eolaithe ó Ionad Cógasbhitheach an Bhia go bhfuil leibhéil inchinne de shéireatoinin, ceimiceán inchinne bainteach le giúmar, á rialú ag líon na mbaictéar sa phutóg le linn an luathshaoil.**

Taispeánann an taighde go mbíonn gnáth-fheidhmiú inchinne an duine fásta ag brath ar láithreach miocrób sa phutóg le linn forbartha. Bhain eolaithe ag APC, arna thacú ag SFI, úsáid as samhail luchóige saor ó fhrídíní chun a thaispeáint go bhfuil tionchar mór ag easpa baictéar le linn an luathshaoil ar thiúchan na séireatoinine san inchinn sa duine fásta.

Athraíonn séireatoinin, an mór-cheimiceán bainteach le rialú giúmaí agus mothúcháin, ag amanna struis, buartha agus dúlagair agus díríonn na drugaí frithdhúlagrán is éifeachtaí isteach ar an néar-cheimiceán seo. Is iomaí impleacht sláinte atá ag dul leis an taighde seo mar taispeánann sé go bhféadfadh iarmhairtí suntasacha ar fheidhmiú inchinne a bheith ann dá gcuirfí isteach ar an micreaflóra (mar shampla trí antaibheathaigh, réim bia, nó ionfhabhtú) Bhí an taighde déanta ag an Dr. Gerard Clarke, an tOll. Fergus Shanahan, an tOll. Ted Dinan agus an tOll. John F Cryan chomh maith lena gcuid comhghleacaithe ag APC i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.



An tOll. John Cryan agus an tOll. Ted Dinan, APC, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

## CÁS-STAIDÉAR 09


### CÉ A GHLAOFAD ORTHU? MATHSBUSTERS

#### An bhfuil fadhb ag do chuideachta?

An mbeadh airgead á shábháil lena réiteach? Cé ar féidir leat glooch orthu? MACSI, is é sin é. Bhí ceardlann bhliantúil an Chuibhreannais um Fheidhmeanna Matamaitice don Eolaíocht agus Tionscal (MACSI), arna thacú ag SFI, ag Ollscoil Luimnigh áit ar chaith matamaiticeoirí feidhmeacha ó fud na hEorpa cúpla dian-lá ag obair ar fhadhbanna faoi leith ón bhfíorshaol a chuir cuideachtaí ina láthair.

Chuaigh an grúpa i ngleic le sé fhadhb agus iad éagsúil ó thaobh méid agus crutha de – ó optamú a dhéanamh ar sheachadadh do chustaiméirí go hanailís a dhéanamh ar conas a shíleann uisce trí shíothlán caife – ach le gach ceann bhí an fhéidearthacht ann an fhadhb a réiteach trí úsáid na matamaitice mar uirlis chun é a anailísiú agus a réiteach. Tar éis an chéad lae, scoilt an mórghrúpa ina ghrúpaí beaga, rinne siad ransú smaointe ar feadh trí lá, agus ansin chuir siad na torthaí i láthair ar an lá deireanach.

In 2012, d'fhéach roinnt de na saineolaithe le conas caighdeán ábhair atá stóráilte i sadhlanna a mheas, fad is a bhí saineolaithe eile ag obair ar conas dearadh agus sláintíocht leithreas a fheabhsú, agus saineolaithe eile arís ar conas táirge a steiriliú don mhargadh. D'iarr Analog Devices orthu cabhrú leo feabhas a chur ar fhócas an cheamara ard-luais i bhfóin phóca. D'fhorbair an grúpa bíog fíor-ama a thug an lionsa tríd an réigiún neamhlíneach go háit inmhianaithe fad is a bhí laghdú ar thréimhse na n-ascaluithe ag an bpointe sin.



Ag seoladh straitéis Chlár Oibre 2020 de chuid SFI bhí an tUas. Risteárd De Briotún TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI agus an tUas. Seán Ó Searlóg TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta.

#### GNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA SFI

Is léir go bhfuil taighdeoirí SFI ag cur go mór le cáil idirnáisiúnta na hÉireann san earnáil eolaíoch. In 2012, bhí breis is 2,500 comhoibriú acadúla le comhpháirtithe idirnáisiúnta in os cionn 60 tír. D'fhorbair agus sheol SFI clár nua chun breis tacaíochta a thabhairt don chomhoibriú idirnáisiúnta, an Dámhachtain um Chomhoibriú Straitéiseach Idirnáisiúnta (ISCA). Fuair na ceithre chuibhreannas a thug an dámhachtain leo, faoi chlár tionscnaimh ISCA 2012, maoiniú de chuid thart ar €500,000 an ceann. I measc na n-institiúidí ar éirigh leo bhí an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Teagasc, Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Díreoidh gníomhaíochtaí ar na tíortha comhpháirtíochta ceaptha, is iad an tSín, an India agus an Bhrasaíl.

Thug SFI faoi roinnt imeachtaí/sárthaispeántais idirnáisiúnta suntasacha i rith 2012:

- ▶ I mí Eanáir 2012, d'fhreastail SFI ar an gComhdháil Destination Europe in Cambridge, SAM. Bhí os cionn 200 toscaire ag an gcomhdháil, iad cuimsithe go formhór ó thaighdeoirí lonnaithe sna Stáit Aontaithe (a lán díobh de bhunús Eorpach) a bhfuil suim acu i roghanna nua chun a gcuid gairme a fhorbairt trí bhogadh, nó filleadh, chuig an Eoraip, chomh maith le fiontair bheaga agus mheánmhéide eolasbhunaithe.



- D'fhreastail SFI ar Fhéile na nGairmeacha Eorpacha 2012 de chuid MIT in Cambridge ar 21 Eanáir. Is ócáid bhliantúil earcaíochta í Féile na nGairmeacha Eorpacha ag MIT a cheanglaíonn fostóirí ón Eoraip d'iarthóirí tallannacha, ón Eoraip agus áiteanna eile, atá ag cur fúthu sna Stáit Aontaithe. Cuireadh eolas ar fáil faoi dhámhachtainí SFI lena n-áirítear an Deontas Taighde d'Imscrúdaitheoir Luathghairme (SIRG) agus Gradam Uachtarán na hÉireann do Thaighdeoir Óg (PIYRA) ach go háirithe, in éineacht le comhairle bhreise ar dhámhachtainí ERC.
- Reáchtáil SFI, i gcomhpháirtíocht le hAmbasáid na hÉireann, seimineár dar teideal "Diaspóra Eolaíoch na hÉireann: Ag Ceiliúradh Ratha agus ag Tacú le Geilleagar na hÉireann" mar chuid de chlár an Taoisigh ar Lá Féile Pádraig in Washington DC. I measc na gcainteoirí ag an ócáid bhí: an tUas. Peter Heffernan, POF, Foras na Mara; an tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI; an Dr. Kristina Johnson, Iar-Fho-Rúnaí ag Roinn Comhshaoil SAM; an tOll. Mike Hinchey, Stiúrthóir ag Lero - an Lárionad Taighde Éireannach um Innealtóireacht Bogearraí; an tOll. Stuart Coulson, Ollscoil Stanford, Aingeal Gnó Brabúis/Leasa; an Dr. David Loane, bunaitheoir agus ball coiste de Líonra na nGéanna Fiáine d'Eolaithe Éireannacha; an Dr. Brid Ryan, bunaitheoir agus ball coiste de Líonra na nGéanna Fiáine d'Eolaithe Éireannacha; agus an Dr. Jack Bagley, Uachtarán, Grúpa Bagley agus Comhalta Bhord Chomhairligh WGNIS.
- Bhí Ambasáid na hÉireann, Beirlín, agus an Technische Universität (TU), Beirlín, i gcomhpháirtíocht le SFI agus Oifig an Phríomhchomhairleoir Eolaíochta, ina hóstach ar ócáid lae a bhí ar siúl i mBeirlín chun comhpháirtíochtaí breise a spreagadh idir Éire agus an Ghearmáin i réimse an taighde agus forbartha agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar óstáil Bhaile Átha Cliath Cathair na hEolaíochta do ESOF 2012. Ag an ócáid, bunaithe ar an téama Cathracha agus Tithe Cliste sa Todhchaí, bhí scoláirí agus ceannairí gnó ann a raibh sé mar mhian acu tógáil ar an gcaidreamh comhoibrithe a bhí ann cheana féin chomh maith le caidreamh nua a chruthú idir Éire agus an Ghearmáin.




An Taoiseach, an tUas. Éanna Ó Coinnigh, an tOll. Mark Ferguson agus an tOll. Nicholas Farrell ag an gcruinniú faisnéise in Washington.

## CÁS-STAIDÉAR 10

### AG CAITHEAMH SOLAIS NUA AR GHALAR NA SÚL

**D'fhéadfadh íomháu ar struchtúir bhídeacha agus ar chillíní sa tsúil na céimeanna luatha de dhaille mheathlúcháin a aithint, agus d'fhéadfadh sé a bheith mar chabhair do mháinlianna súile ag tabhairt faoi ghnáthaimh cheartaitheacha.**



Dá bharr sin tá an Dr. Brian Vohnsen agus an fhoireann aige ag an Ard-Ghrúpa Íomháithe Optúil ag forbairt slite chun íomhánna a dhéanamh den tsúil go tapa agus i ngar di. Cur chuige amháin atá in úsáid acu is ea úsáid a bhaint as léasar chun íomhá an-ardtaifigh den reitine a dhéanamh. Ag deireadh thiar thall tá seans ann go gcabhródh an cumas é a fheiceáil ó gharamharc le cliniceoirí comharthaí luatha de mheathlúchán macúlach aoischoibhneasa, nó AMD, a bhrath. Tá AMD ar na cúiseanna is coitianta do chailliúint radhairc i ndaoine níos aosta na 50 bliain d'aois, agus is é atá i gceist leis bás forchéimnitheach na gcillíní solas-íogaire in áit thábhachtach sa reitine.

Chun an pictiúr sin a fháil, caitheann siad ga léasair sa tsúil, ag baint úsáid as an mac imrisc mar pointe casaidh. Is féidir leis an tsúil an ga a fhócasú agus is féidir leis an bhfoireann scanadh trasna na reitine. Trí bhrath an mhéid bhig de sholas atá frithchaite ar ais, déantar íomhá ardaifigh go tapa.

Faoi láthair, is é an ghnáth-thástáil le haghaidh comharthaí de AMD cuardach ar chailliúint feidhme an amhairc, ach seans go bhféadfadh íomháu na súile na hathruithe struchtúrtha nó 'uchtóga' a bhíonn sa reitine in AMD luath a phiocadh amach. Is í an sprioc íomhánna a ghabháil ó réigiún tábhachtach den reitine darb ainm an fhoibhé. D'fhéadfadh máinlianna gnáthaimh cheartaitheacha a dhéanamh chun roinnt den fhíochán coirneach a bhaint amach, agus faoi dheireadh d'fhéadfadh an teicneolaíocht íomháithe ligean dóibh monatóireacht a dhéanamh ar chollaigin choirneach go fíor-ama.



# CÁS-STAIDÉAR 11

## CONAS CNÁMH A THÓGÁIL

**B'fhéidir go ndéanann tú talamh slán de do chreatlach ach bheadh fios agat ar an toirt dá rachadh rud éigin amú leis.**

Le nódú cnámhe cuirtear cnámh shláintiúil nó ábhar sintéiseach ar shuímh ghalair nó damáiste ionas téarnamh a chabhrú, ach is gnáthamh ionrach é agus seans go mbeadh tréimhse nach beag téarnaimh i gceist. D'fhorbair an tOll. Fergal O'Brien i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn ionadach nua le haghaidh nódú cnámhe, HydroxyColl, bunaithe ar tháirgí a aimsítear go nádúrtha sa chorp. Earcaíonn an t-ábhar na meicníochtaí athghiniúnacha atá sa chorp féin agus spreagann sé an chnámh chun deisiú, ansin bith-dhíghrádaíonn sé thar thréimhse ama agus fágann sé an chnámh athghinte ina dhiaidh. Tá HydroxyColl ar roinnt táirgí ó shaotharlann an Ollaimh O'Brien a bhfuil tráchtáil á ndéanamh orthu trí mhac-chuideachta, SurgaColl Technologies.



An tOll. Fergal O'Brien, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn.

- ▶ I mí na Bealtaine, d'fhreastail an tOll. Mark Ferguson ar chruinniú tionscnaimh na Comhairle Taighde Domhanda (GRC) in Washington DC, i dteannta le ceannairí na gcomhairlí taighde ó 44 tír.
- ▶ I mí Dheireadh Fómhair, chuir SFI sárthaispeántas ar bun ag Ollscoil Sao Paulo, an Bhrasaíl, ar thug an tAire Costello aitheasc dó mar chuid dá mhisean trádála. Thaispeáin an ócáid, dar teideal 'Éire agus an Bhrasaíl: Ag Ceiliúradh Rathúlacht Comhpháirtíochtaí agus ag Cruthú Caidrimh do Ghluín Nua d'Eolaithe agus Innealtóirí', na torthaí agus na comh-bhuntaistí atá ag comhoibriú atá ar siúl cheana idir foirne taighde in Éirinn agus sa Bhrasaíl thar réimsí saineolais éagsúla ina measc nua-ábhair, nanaitheicneolaíocht, taighde braiteora agus idirlíon na todhchaí. Anuas air sin, léirigh ionadaithe ó ghníomhaireachtaí de chuid Rialtas na hÉireann na deiseanna atá ann in Éirinn do mhic léinn agus do thaighdeoirí ón mBrasaíl trí chlár cosúil le Eolaíocht gan Teorainneacha agus tionscadail an AE.
- ▶ I mí Dheireadh Fómhair, ghlac SFI páirt i gCeardlann Oideachais in Éirinn, ina raibh an tUachtarán Ó hUiginn agus an tAire Costello, i mBrasíla inar sheol rannpháirtíocht na hÉireann sa chlár "Eolaíocht gan Teorainneacha" go hoifigiúil.
- ▶ Bhí ról gníomhach ag taighdeoirí SFI i gcomhdhálacha idirnáisiúnta, le méadú 35% i líon na n-imeachtaí idirnáisiúnta ar freastalaíodh orthu in 2012.

### Miondealú ar Shuíomh agus ar Ról na gComhaltaí ag Imeachtaí Idirnáisiúnta in 2012


	Éire	AE (gan Éire san áireamh)	Lasmuigh den AE	Iomlán
Óstach	179	41	18	238
Comhalta Coiste an Chláir	188	241	137	566
Aoichainteoir	448	846	478	1772
Cur i láthair béil de pháipéar	466	962	514	1942
Póstaer curtha i láthair	770	841	449	2060
Rannpháirtí Cruinnithe	637	573	196	1406
<b>Iomlán</b>	<b>2688</b>	<b>3504</b>	<b>1792</b>	<b>7984</b>

STRUCHTÚR  
EAGRAÍOCHTÚIL  
AGUS FÓGRAÍ  
REACHTÚLA

---

RÁITIS  
AIRGEADAIS  
BHLIANTÚLA 2012  
31 NOLLAIG 2012

# STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL





# COMHALTAÍ BOIRD



**1. An tOll. Patrick Fottrell**  
Cathaoirleach,  
Fondúireacht  
Eolaíochta Éireann



**2. An Dr. Jim Mountjoy**  
Leas-Chathaoirleach  
Fondúireacht  
Eolaíochta Éireann



**3. An tOll. Mark Ferguson**  
Ard-Stiúrthóir,  
Fondúireacht  
Eolaíochta  
Éireann agus  
Príomhchomhairleoir  
Eolaíochta don Rialtas



**4. An tUas. Seán Aherne**  
Stiúrthóir Sinsearach  
Oibríochtaí  
American Medical  
Systems Ireland Ltd



**5. An tUas. Peter MacDonagh**  
Comhairleoir Taighde



**6. An Dr. Martina Newell-McGloughlin**  
Stiúrthóir an  
Chláir Idirnáisiúnta  
Biteicneolaíochta,  
Comh-Stiúrthóir ar Chlár  
NIH i dTeicneolaíocht  
Bhithmhóilíneach, Comh-  
Stiúrthóir NSF CREATE  
IGERT, Ollamh Cúnta,  
Paiteolaíocht Plandaí,  
UC Davis



**7. An Dr. Rita R. Colwell**  
Ollamh Ollscoile Oirirce,  
Páirc an Choláiste um  
Ollscoil Maryland agus  
Scoil Sláinte Phoiblí  
Bloomberg de chuid  
Ollscoil Johns Hopkins




**8. Bernie Cullinan Uasal**  
Príomhoifigeach  
Feidhmiúcháin,  
Clarigen



**9. An Dr. Pat Duane**  
Leasuachtarán  
Domhanda Oibríochtaí  
Creganna Tactx  
Medical



**10. An tUas Dermot Curran**  
Stiúrthóir/Ard-Rúnaí  
Cúnta ar Rannóg  
Nuálaíochta agus  
Infheistiúchta na  
Roinne Post, Fiontar  
agus Nuálaíochta



**11. Mary Doyle Uasal**  
Leas Ard-Rúnaí, an  
Roinn Oideachais  
agus Scileanna



**12. An tOll. Liam Madden**  
Leasuachtarán  
Corparáideach na  
hInnealtóireachta,  
Xilinx



# FÓGRAÍ REACHTÚLA AGUS EILE

## 1. COMHALTAÍ BOIRD - CLÁR NA LEASA

Feidhmíonn an Bord de réir na bprionsabal dea-chleachtas um rialachas corparáideach agus na dtreoirínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, ina chuid gníomhaíochtaí agus san úsáid a bhaineann sé as coistí aron. I gcomhréir leis na treoirínte sin, cláraíonn Comhaltaí Boird SFI a gcuid leasanna i ngnóthais eile leis an Rúnaí.

## 2. ACHTANNA UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995 AGUS AN TACHT UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ, 2001

Tháinig SFI faoi réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 ar an 1 Eanáir 2005. Tá SFI tar éis cloí le forálacha an Achta.

## 3. AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 1997 AGUS AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE (LEASÚ), 2003.

Tá an SFI mar chomhlacht forordaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 ó 31 Bealtaine 2006. Cloíonn SFI go hiomlán leis an Acht. Ba chóir iarratais le haghaidh faisnéise faoin Acht seo a dhíriú ar an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, SFI, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

## 4. AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tagann SFI faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus Rialachán na gComhphobail Eorpacha (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, a tháinig i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Tá sé ina bheartas ag SFI a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta sainiúla i bhfeidhm a chuireann ar chumas SFI na sonraisc uile a rianú agus a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí uile roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear íocaíochtaí leictreonacha mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. Ní raibh aon íocaíochtaí déanacha in 2012.

## 5. CRUINNITHE BOIRD/TINREAMH

Is iondúil go gcuimsíonn Bord SFI 12 comhalta, arna gceapadh ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, faoi mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Is é cúigear comhaltaí an córam do Bhord SFI. Tionóladh na sé chruinniú seo a leanas de Bhord SFI in 2012:

Dáta	Láthair	Líon an Lucht Freastail
09 Feabhra 2012	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	11/12
26 Márta 2012	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	9/12
28 Bealtaine 2012	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	12/12
10 Meán Fómhair 2012	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	9/10
22 Deireadh Fómhair 2012	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	9/10
17 Nollaig 2012	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	9/11

### Comhaltaí Boird (2012)

Ainm an Stiúrthóra	Tinreamh ag Cruinnithe Boird (6 chruinniú)
Patrick Fottrell (Chairman)	6 as 6
Sean Ahern	6 as 6
Tom Boland (1)	3 as 3
Rita Colwell	5 as 6
Bernie Cullinan	6 as 6
Dermot Curran (2)	1 as 3
Mary Doyle (3)	1 as 1
Pat Duane	6 as 6
Mark Ferguson	6 as 6
Peter MacDonagh	5 as 6
Jim Mountjoy	3 as 6
Martina Newell-McGloughlin	5 as 6
Martin Shanagher (2)	3 as 3
John Travers (1)	3 as 3

- (1) I gcomhréir le hAilt 9(3) agus 9(4) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003 maidir le Ballraíocht Boird, roghnaíodh na Comhaltaí Boird seo a leanas le haghaidh scortha i mí Iúil 2012 mar na comhaltaí is faide seirbhíse: an tUas. Tom Boland agus an tUas. John Travers.
- (2) D'éirigh an tUas. Martin Shanagher as ón mBord mar ionadaí RPFN an 28 Meitheamh 2012 agus tháinig an tUas. Dermot Curran ina áit ar an 1 Meán Fómhair 2012.
- (3) Ceapach Mary Doyle Uasal chuig an mBord an 5 Nollaig 2012 tar éis ainmniúcháin ón Aire Oideachais agus Scileanna.

**Comhaltaí de Choistí an Bhoird 2012**

*Foghrúpa an Bhoird ar Dheontais Chláir  
(a bhfuil aithne anois air mar an Coiste Faofa  
Deontas – le héifeacht 2013)*

An Dr. Martina Newell-McGloughlin  
(Cathaoirleach), an tOll. Mark Ferguson, an tUas.  
Peter MacDonagh, an Dr. Gary Crawley, an Dr.  
Rita Colwell agus an Dr. Eucharía Meehan.

**Coiste Iniúchóireachta SFI**

An Dr. Jim Mountjoy (*Cathaoirleach go dtí  
30 Eanáir 2012 ansin scoir sé ón gCoiste  
Iniúchóireachta – ina chomhalta Boird go fóill*),  
Bernie Cullinan Uasal (*Cathaoirleach ó 31 Eanáir  
2012*) an tUas. Aidan Hodson, an tUas. Seán  
Aherne, an Dr. Pat Duane agus an tUas. Tom  
Boland (*go dtí 23 Iúil 2012 tráth scortha ón  
mBord*).

**Coiste Luach Saothair agus Forbairt  
Bhainistíochta**

*(díscaoilte mí na Nollag 2012)*

An tOll. Patrick Fottrell (Cathaoirleach),  
an tUas. Seán Aherne agus an tUas. Martin  
Shanagher.

**Cruinnithe Fhochoiste an Bhoird**

1. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste  
Iniúchóireachta.
2. Reáchtáil Foghrúpa an Bhoird ar Dheontais  
Chláir ceithre chruinniú (fíorúil).
3. Níor reáchtáil an Coiste Luach Saothair agus  
Forbairt Bhainistíochta aon chruinniú

**6. NA HACHTANNA UM CHOMHIONANNAS  
FOSTAÍOCHTA 1998 AGUS 2004**

Tacaíonn SFI go hiomlán le prionsabal na  
gcomhdheiseanna fostaíochta. Tá sí i gcoinne  
gach cineál idirdhealaithe ar bhonn dath,  
cine, náisiúntacht, claonadh gnéasach, bunús  
eitneach nó náisiúnta (agus/nó áit dúchais),  
reiligiún, inscne, stádas pósta, aois nó  
míchumas. Tá tiomantas SFI i leith cur chun  
feidhme na gcomhdheiseanna léirithe ina  
beartais, ina cleachtais agus nósanna imeachta,  
earcaíocht, ardú céime, oiliúint, teanga neamh-  
idirdhealaitheach a úsáid i ndoiciméid agus  
foilseacháin de chuid na cuideachta. Is é an  
cuspóir ná a chinntiú go roghnaítear an fhoireann  
ar fad agus go gcaitear leo ar bhonn a gcumas, a  
n-eolas agus a gcáilíochtaí amháin.

**7. AN TACHT UM SHÁBHÁILTEACHT,  
SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR 1989**

De réir an Achta thuasluaite, cuireann SFI  
i gcomhairle le Forfás, bearta oiriúnacha i  
bhfeidhm chun sábháilteacht, sláinte agus  
leas fostaíthe agus cuairteoirí chuig a hoifigí a  
chosaint.

**8. CAIRT NA GCLIANT**

Tá Cairt na gCliant foilsithe ag SFI ina leagtar  
amach a tiomantas i ndáil le hardchaighdeán  
seirbhíse. Áirítear nós imeachta chun déileáil le  
gearáin sa Chairt seo. Ní bhfuarthas gearán ar bith  
faoin gCairt in 2012.

**9. TUAIRISCIÚ BLIANTÚIL UM  
ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH AG  
COMHLACHTAÍ NA HEARNÁLA POIBLÍ**

Faoi Ionstraim Reachtuil (IR) 542, 2009 tá dualgais  
shainiúla tuairiscithe fuinnimh ag an earnáil phoiblí.  
Tá oifigí SFI lonnaithe i dTeach Pháirc Wilton, Plás  
Wilton, Baile Átha Cliath 2. Déanann Forfás na  
saoráidí foirgnimh a bhainistiú. I ngach réimse a  
bhaineann le húsáid fuinnimh agus seirbhísí don  
fhoirgneamh, tá SFI sásta go ndéanann Forfás  
a dícheall na modhanna is tíosaí ar fhuinneamh  
agus is fearr don chomhshaol a chur i bhfeidhm. I  
gcomhréir leis an IR, cuimsítear sonraí i dtuarascáil  
bhliantúil agus ráiteas cuntais 2012 de chuid  
Fhorfás ar úsáid fuinnimh san fhoirgneamh, na  
gníomhartha a nglacadh de láimh in 2012 chun  
feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú san fhoirgneamh.

**10. COSTAIS AN BHOIRD**

Seo a leanas mar a bhí costais iomlána an Bhoird le  
haghaidh 2012

Teideal Caiteachais	€
Taisteal Coigríche	€40,748
Taisteal Intíre	€1,853
Cóiríocht/Cothabháil/Costais theagmhasacha	€6,711

**11. LUACH SAOTHAIR AN ARD-STIÚRTHÓRA**

Ceapadh an tOll. Mark Ferguson ina Ard-Stiúrthóir  
le héifeacht ó 16 Eanáir 2012. Bhí tuarastal an  
Ollaimh Ferguson don bhliain cothrom le €181,364  
agus cuireadh i bhfeidhm gnáth-shocruithe  
pinsean na hearnála poiblí. Ní raibh bónas  
feidhmíochta ar bith infheidhme.

Ceapadh an tOll. Ferguson ina  
Phríomhchomhairleoir Eolaíochta don Rialtas  
freisin, ról a bhíodh faoi riarachán Forfás roimhe  
seo. Níl aon luach saothair don ról seo agus is í SFI  
a íocann as na costais riaracháin uile a bhaineann  
leis na dualgais dá chuid.

Ceapadh an Dr. Graham Love ina Ard-Stiúrthóir  
ar SFI le héifeacht ó 18 Deireadh Fómhair 2011,  
ar feitheamh ceapachán Ard-Stiúrthóra ar bhonn  
níos buaine. In 2012, fuair an Dr. Graham Love  
tuarastal mar Ard-Stiúrthóir de chuid €6,388 suas  
le 15 Eanáir 2012. Sheas an Dr. Love síos mar Ard-  
Stiúrthóir ar an 15 Eanáir 2012.

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE

## TUARASCÁIL LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmháíodh de réir na mbeartas cuntasáíochta atá leagtha amach iontu, na beartais chuntasáíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a forordaítear faoi Alt 24 den Acht, agus i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasáíochta a nglactar i gcoitinne leis in Éirinn.

### Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Déantar mo chuid iniúchta le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeán Eiticíúla d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta.

### Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaíocht nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasáíochta cuí do chúinsí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus an bhfuil siad curtha chun feidhme ar bhonn comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta. Déanaim iarracht freisin fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Sa bhreis air sin, léim tuarascáil bhliantúil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireacht dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

### Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atá ullmhaithe de réir an chleachtas chuntasáíochta a ghlactar i gcoitinne leis in Éirinn, léargas cruinn agus cothrom ar staid ghnóthaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag 31 Nollaig 2012 agus ar an ioncam agus caiteachas dá cuid don bhliain 2012.


Is é mo thuairim ná gur choinnigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann leabhair chuntais chuif. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

### Nithe a dtuairiscím de réir eisceachta orthu

Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara i m'iniúchadh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha beartaithe ina leith nó sa chás nár ghéill na hidirbhearta do na húdaráis á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúlacht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Chód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- más rud é gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a dtuairiscím de réir eisceachta orthu.



### Seamus McCarthy

Le haghaidh agus thar ceann  
an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Dáta: 20 Meitheamh 2013

# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA GCOMHALTAÍ BOIRD

## DO RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA 2012


De réir Alt 24 (2) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003 éilítear ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann gnáthchuntais chúí a choimeád den airgead go léir a fhaigheann sí agus a chaitheann sí, i bhfoirm a d'fhéadfadh a bheith faofa ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus, go háirithe, na cuntais speisialta go léir a choimeád san fhoirm réamhluaite de réir mar a d'fhéadfadh an tAire a threorú ó am go chéile. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aici, éilítear ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ▶ beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ▶ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin i gcás nach bhfuil sé cú a thiomhdiú go leanfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar aghaidh ag feidhmiú;
- ▶ aon imeachtaí ábhartha ó Chaighdeáin Chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.
- ▶ Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chúí a choimeád ina nochtar a staid airgeadais go réasúnta cruinn ag am ar bith agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le riachtanais fhoriomlána Alt 24 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003. Tá na leabhair chuntais seo lonnaithe i gceanncheathrú na Fondúireachta, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:



**An tOll. Patrick Fottrell**  
Cathaoirleach



**An tOll. Mark Ferguson**  
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 10 Meitheamh 2013

Dáta: 10 Meitheamh 2013



# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, aithním an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Féadfaidh an córas seo dearbhú réasúnach, seachas dearbhú absalóideach, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead go cuí, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Tá an Bord tar éis tabhairt faoi roinnt beart chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chúí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus cosaint a dhéanamh ar shócmhainní na heagraíochta;
- Cultúr freagrachta a fhorbairt thar leibhéal uile na heagraíochta.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord freisin chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Bheith ag obair go dlúth leis an Rialtas agus Gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint soiléir ar spriocanna Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus tacaíocht le haghaidh straitéisí na nGníomhaireachta chun na spriocanna sin a bhaint amach.
- Athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha, idir ghearrthréimhseacha agus fadtréimhseacha, agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis na pleananna sin a thabhairt chun críche
- Spriocanna bliantúla a shocrú i ndáil le gach réimse dár ngnó mar aon le tuairiscí rialta dá réir ar na torthaí a mbaintear amach;

Tá córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat de bhainistíocht rialta faisnéise, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord;
- Athbhreithnithe rialta bainte amach ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin;
- Spriocanna a leagan chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;

- Disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail.
- Treoirilínte rialaithe infheistíochta chaipitil sainmhínithe go soiléir.

Tá feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí bunaithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, de réir an Chreata atá sonraithe sa Chód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit, a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúchóireachta. Comhaontaíonn an Coiste Iniúchóireachta plean oibre bliantúil Iniúchóireachta Inmheánaí. Bíonn obair na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí a bhíonn os comhair an chomhlachta. Buaileann an Coiste Iniúchóireachta le chéile sé huaire in aghaidh na bliana agus déantar athbhreithniú ar thoradh na n-iniúchtaí inmheánacha sainiúla agus leorgacht agus éifeachtacht leanúnach an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Tarraingíonn na tuarascálacha seo aird ar easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chórais um rialú inmheánach airgeadais agus ar na bearta ceartaitheacha molta ar cheart a chur i bhfeidhm nuair is cuí.

Tagann Coiste Bainistíochta Riosca, atá déanta suas den fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, le chéile ar bhonn rialta chun athbhreithniú agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí aitheanta ar fud na Fondúireachta. Déantar na rioscaí seo a rangú agus a nuashonrú ar Chlár Riosca SFI cuimsitheach, a thuairiscítear mar mhír sheasta ar an gclár de chuid Coiste Iniúchóireachta SFI.

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais a gcuid eolais ó obair an Iniúcháir Inmheánaigh agus ón gCoiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúcháir Inmheánaigh, an rialú á chur i gcrích ag na bainisteoirí Feidhmiúcháin laistigh de SFI atá freagrach as forbairt agus cothú an chreata airgeadais, agus nótaí curtha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina Litir Bhainistíochta.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais le haghaidh 2012.

Sinithe thar ceann an Bhoird.



**An tOll. Patrick Fottrell**  
Cathaoirleach

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Seo a leanas mar atá bunús na cuntasáíochta agus na mbeartas cuntasáíochta suntasaí arna nglacadh ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann;

## 1) BUNÚS NA CUNTASAÍOCHTA

Táthar tar éis na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir an choinbhinsiúin chostais stairiúil san fhoirm atá faofa ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhráithe, seachas mar a shonraítear anseo thíos agus tá siad i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasáíochta a ghlactar leis go coitianta. Glactar leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, a mholann Bord na gCaighdeán Cuntasáíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

## 2) IONCAM A AITHINT

Léiríonn ioncam ó Dheontas Oireachtais agus aisíocaíochtaí Deontais fáltais airgid iarbhír sa bhliain.

## 3) SÓCMHAINNÍ SEASTA

Sonraítear Sócmhainní Seasta ag costas, lúide dímhéas carntha. Ríomhtar dímhéas d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolré measta úsáideacha (féach Nóta 6).

## 4) CUNTAS CAIPITIL

Léiríonn an Cuntas Caipitil cistí gan amúchadh a úsáideadh le haghaidh ghnóthú na Sócmhainní Seasta agus scríobhtar síos é de réir an bheartais dímhéasa do na sócmhainní seo.

## 5) AIRGEADRA EACHTRACH

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid atá in airgeadra eachtrach ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunúsach. Déileáiltear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais leis an mbarrachas nó na heasnamh a eascraíonn dá réir.

## 6) AOISLIÚNTAS

Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar ghníomhaireacht de chuid Forfás de réir Alt 6 (1) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. De réir an dlí, is comhaltaí foirne de chuid Forfás iad comhaltaí foirne na Fondúireachta, comhaltaí foirne a dtugtar ar iasacht don Fhondúireacht, agus dá réir sin, faoi Alt 2 agus 3 den Dara Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail 1993, tá Forfás freagrach as teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe uile. Ullmhaíonn agus riarann Forfás scéimeanna pinsin d'fhonn teidlíochtaí pinsin a bhronnadh ar a fhostaithe, lena n-áirítear foireann atá ar iasacht chuig Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Tá Forfás freagrach freisin as riachtanais tuairiscithe pinsean, lena n-áirítear iad siúd leagtha amach faoi FRS 17.

## 7) LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Tugtar cuntas ar nithe atá ar cíos faoi léasanna oibriúcháin de réir mar a bhíonn siad dlite.

## 8) ÍOCAÍOCHT DEONTAIS TAIGHDE

Déantar méideanna íochta le Comhlachtaí Taighde ar scór na ndeontas taighde bronnta a ghearradh ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain eisithe.

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontas an Oireachtais	1	171,039	166,642
Ioncam Eile	2	922	252
Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainne Seasta		12	-
		<b>171,973</b>	166,894
<b>Caiteachas</b>			
Pá	3	3,978	4,175
Costais Riaracháin	4	3,965	3,434
Sintiús IReL (Ríomh-Irisleabhair)	5	5,000	5,000
Dímheas	6	232	114
Deontais	7	156,927	154,049
Discover Science & Engineering	8(b)	1,788	-
		<b>171,890</b>	166,772
Barrachas Oibriúcháin don Bhliain		83	122
Ranníocaíocht don Státchiste	16	-	(20)
Barrachas Glan don Bhliain		83	102
Iarmhéid ag tús na Bliana		416	337
Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil	9	53	(23)
Barrachas Carntha ag deireadh na Bliana		<b>552</b>	416


Níl aon ghnóthachain nó cailteanais aitheanta, seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 17.

Thar ceann an Bhoird:



**An tOll. Patrick Fottrell**  
Cathaoirleach



**An tOll. Mark Ferguson**  
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 10 Meitheamh 2013

Dáta: 10 Meitheamh 2013

## CLÁR COMHARDAITHE

## AMHAIL AG 31 NOLLAIG 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	6	<b>386</b>	439
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Airgead Tirim sa Bhanc		<b>556</b>	465
Cuntais Infhála	10	<b>349</b>	111
		<b>905</b>	576
<b>Cuntais Iníochta</b>	11	<b>353</b>	160
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<b>552</b>	416
<b>Glansócmhainní</b>		<b>938</b>	855
<b>Ionadaithe Ag:</b>			
<b>Cuntas Caipítíl</b>	9	<b>386</b>	439
<b>Cuntas Ioncaim agus Caiteachais</b>		<b>552</b>	416
		<b>938</b>	855


Is cuid de na Ráitís Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 17.

Thar ceann an Bhoird:



**An tOll. Patrick Fottrell**  
Cathaoirleach

Dáta: 10 Meitheamh 2013



**An tOll. Mark Ferguson**  
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 10 Meitheamh 2013



# RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
<b>Imréiteach an Bharrachais don Bhliain chuig Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí</b>			
<b>Barrachas don Bhliain</b>			
Ús Bainc	2	(7)	(3)
(Brabús) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		(12)	0
Muirear Dímheasa	6	232	114
(Méadú)/Laghdú i gCuntais Infhála	10	(238)	-
(Méadú)/Laghdú i gCuntais Infhála	10	(238)	-
Méadú/(Laghdú) i gCuntais Iníochta			
	11	193	(152)
<b>Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí</b>		<b>251</b>	<b>61</b>
<b>Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid</b>			
<b>Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí</b>		<b>251</b>	<b>61</b>
<b>Torthaí ar Infheistíocht agus Seirbhísiú Airgeadais</b>			
- Ús Bainc	2	7	3
<b>Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachais Chaipitil</b>		<b>258</b>	<b>64</b>
<b>Maoiniú Caipitil</b>			
Fáltais ó Dhíolachán Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		12	-
- Ceannachán Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	6	(179)	(137)
<b>Méadú/(Laghdú) in Airgead Tirim</b>		<b>91</b>	<b>(73)</b>
<b>Imréiteach an Mhéadaithe in Airgead Tirim chuig Airgead Tirim sa Bhanc</b>			
Gluaiseacht in Airgead Tirim don Bhliain		91	(73)
Airgead Tirim sa Bhanc ar 01 Eanáir		465	538
Airgead Tirim sa Bhanc ar 31 Nollaig		556	465

# NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

### 1 DEONTAS AN OIREACHTAIS

#### (a) Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Maoinithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta Vóta 32, Clár Forbartha na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta

		2012	2011
		€'000	€'000
Pá	Fotheideal B.4.2	4,123	4,287
Costais Riaracháin	Fotheideal B.4.2	4,116	3,555
Sintiús Ríomh-Irisleabhar	Fotheideal B.4.2	5,000	5,000
Deontais Taighde	Fotheideal B.4.2	156,000	153,800
Deontais Taighde – Giaráil Idirnáisiúnta*	Fotheideal B.4.3.1	200	-
		<b>169,439</b>	166,642
		<b>1,600</b>	-
		<b>171,039</b>	166,642

#### (b) Discover Science and Engineering [Nóta 8a]

\*Maoiniú um ghíaráil idirnáisiúnta faighte ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta mar ranníocaíocht le maoiniú SFI ar an gClár um Dhámhachtain Chomhoibriú Straitéiseach Idirnáisiúnta (ISCA) a thacaíonn le comhoibriúcháin nua agus eiseacha atá bunaithe ar thaighde idir Institiúidí Ardoideachais na hÉireann agus eagraíochtaí comhpháirtíochta i dtrí thír ar leith: an Bhrasaíl, Daon-Phoblacht na Síne agus an India.

(c) Faoi Alt 11 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú ag Alt 4 (a) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 2009, ní sháróidh méid comhiomlán na ndeontas á ndéanamh ag an Aire le Forfás agus a Gníomhaireachtaí, le cur ar a gcumas a gcuid oibleagáidí agus dliteanas a dhíscaoileadh, €7,000,000,000. Amhail ag 31 Nollaig, 2012 bhí an méid comhiomlán a faomhadh cothrom le €4,615,732,754..

### 2 IONCAM EILE

#### (a) (a) Fondúireacht Eolaíochta Éireann

		2012	2011
		€'000	€'000
Ciste Naineolaíochta an AE [Nóta (i)]		26	160
Maoiniú an Deontais Taighde Imscrúdaitheora Tosaigh (SIRG) [Nóta (ii)]		691	-
An Bord Taighde Sláinte – Comhchiste Chomhpháirtíocht T&F na Stát Aontaithe/na hÉireann		10	69
Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach – Aisíocaíocht ar Dhámhachtain éagtha (Fáltas Breise Státhiste, féach Nóta 16).		-	20
<b>Fo-iomlán Cómhoiniú Deontais</b>		<b>727</b>	249
Ús Bainc		7	3
		<b>734</b>	252
<b>(b) Discover Science and Engineering [Nóta 8a]</b>			
Gníomhaireacht Spáis na hEorpa [Nóta (iv)]		188	-
		<b>922</b>	252

(i) Glao Taighde Comhoibriúch Naineolaíochta E+ an AE bunaithe chun Comhordú agus líonrú Trasnáisiúnta an taighde naineolaíochta a spreagadh le heolas nua a ghiniúint ar dhéantúsaíocht, staidéar, rialú, nó ionramháil na dtionscadal nanascála ar leith.

(ii) Ranníocaíocht Chiste Marie Curie an AE i dtreo dámhachtainí déanta in 2012.

(iii) Tá ranníocaíochtaí faighte faoi Chómhoiniú Deontais thuas san áireamh in Iomlán na nÍocaíochtaí Deontais caite in 2012 de chuid €156,926,981.

(iv) Maoiniú ag eascairt as conradh bliantúil idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus ESA le haghaidh cur chun feidhme Oifig Acmhainne um Oideachas Spáis na hEorpa (ESERO) in Éirinn.

# NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

### 3 PÁ

	2012 €'000	2011 €'000
<b>Cuimsíonn Costais Phá:</b>		
Pánna agus Tuarastail	3,427	3,479
Pá Gníomhaireachta	230	375
Costais Leasa Shóisialaigh	313	311
Costais Aoisliúntais	8	10
<b>Iomlán</b>	<b>3,978</b>	4,175
Poist Cheadaithe	52.5	50
Fostaithe Lánaimseartha (ag deireadh na bliana)	41	44

Bhailigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann asbhaintí pinsean choibhneasa ó thuarastail chomhaltaí foirne a raibh cothrom le €268,040 (2011: €261,718) agus íocadh iad leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ceapadh an tOll. Mark Ferguson ina Ard-Stiúrthóir le héifeacht ó 16 Eanáir 2012. Bhí tuarastal an Ollaimh Ferguson don bhliain cothrom le €181,364 agus cuireadh gnáth-shocruithe pinsean na hearnála poiblí i bhfeidhm. Níor cuireadh aon bhónas feidhmíochta ar bith i bhfeidhm.

Ceapadh an tOll. Ferguson ina Phríomhchomhairleoir Eolaíochta don Rialtas freisin, ról a bhíodh faoi riarachán Forfás roimhe seo. Níl aon luach saothair don ról seo agus tá costais riaracháin uile i ndáil leis na dualgais seo tabhaithe ag SFI.

Ceapadh an Dr. Graham Love mar Ard-Stiúrthóir SFI le héifeacht ó 18 Deireadh Fómhair 2011, ar feitheamh ceapachán Ard-Stiúrthóra ar bhonn níos buaine. In 2012 fuair an Dr. Graham Love tuarastal mar Ard-Stiúrthóir a bhí cothrom le €6,388 suas le 15 Eanáir 2012. Sheas an Dr. Love síos óna chuid cúraimí mar Ard-Stiúrthóir ar an 15 Eanáir 2012.

### 4 (A) COSTAIS RIARACHÁIN

	2012 €'000	2011 €'000
Luach Saothair agus Costais na gComhaltaí Boird - (féach thíos)	160	135
Bainistíocht Cláir	910	855
Áiseanna	1,092	832
Táillí Gairmiúla	248	238
Táillí Dlí*	139	3
Rannpáirtíocht Phoiblí	85	85
Foilseacháin agus Ábhar Ar-Líne	158	123
Imeachtaí agus Urraíocht	441	499
Tacaíocht & Infreastruchtúr TF	321	296
Costais Taistil & Chothabhála	104	109
Bainistíocht AD	141	123
Troscán & Trealamh Oifige	12	11
Costais Oifige Ghinearálta	131	105
Táille Iniúchóireachta	23	20
<b>Iomlán</b>	<b>3,965</b>	3,434

\* Bhí SFI, agus roinnt comhaltaí foirne aitheanta ar leith laistigh de SFI, faoi réir feachtas ciaptha marthanach agus gan ainm ó mhí an Mheithimh 2012 ar aghaidh ar líon beag “blag-shuíomh” idirlín, agus trí r-phoist gan iarraidh agus fógraí ar Twitter. Lorgaíodh comhairle dlí chun na roghanna ar fáil do SFI a mheas i ndáil le (a) foinse an ábhair ionsaitheacha a aithint b'fhéidir, (b) measúnú a dhéanamh ar cibé an bhféadfaí tabhairt faoi imeachtaí sibhialta nó coiriúla i gcoinne páirtithe ar bith agus (c) ag tabhairt aird ar conas is fearr ar cheart foilsíú a thuilleadh ábhair a sheachaint. Tá díospóireachtaí leis na comhairleoirí dlí ag leanúint ar aghaidh.

# NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

### 4 (B) LUACH SAOTHAIR AGUS COSTAIS AN BHOIRD

	2012	2011
	€	€
<b>Luach Saothair an Bhoird</b>		
<b>Comhaltaí Boird</b>		
Patrick Fottrell (Cathaoirleach)	<b>20,520</b>	19,440
Mark Ferguson	-	-
Sean Ahearne	<b>11,970</b>	11,340
Tom Boland	-	-
Rita Colwell	<b>11,970</b>	11,307
Bernie Cullinan	<b>11,970</b>	11,340
Dermot Curran	-	-
Mary Doyle	-	-
Pater MacDonagh	<b>11,970</b>	11,340
Martina Newell McGloughlin	<b>11,970</b>	11,307
James Mountjoy	<b>11,970</b>	11,340
Martin Shanagher	-	-
John Travers	<b>6,770</b>	11,340
Pat Duane	<b>11,970</b>	11,812
Frank Gannon	-	(577)
Graham Love*	-	459
Don Thornhill	-	(355)
	<b>111,080</b>	110,093
<b>Costais na gComhaltaí Boird</b>	<b>49,312</b>	25,095
	<b>160,392</b>	135,188

Íoctar táillí le Comhaltaí Boird faoi mar a chinneann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le comhthoil na Roinne Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe. Eisiatar Comhaltaí Boird ar leith ó tháillí a fháil ó SFI faoi na socruithe luach saothair “Duine Amháin Tuarastal Amháin” [One Person One Salary] áit nach féidir le seirbhísigh phoiblí Táillí Boird a fháil i dteannta le tuarastal.

Tógann Táillí Boird don bhliain 2011 aird, nuair is ábhartha, ar asbhaintí le haghaidh laghdaithe cúlghabhálach i dTáillí de chuid 5% infiochta i ndáil le 2010 agus blianta ina dhiaidh sin. Mhol an Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta an laghdú seo d’Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i mí Eanáir 2011. D’aisioc an tOll. Frank Gannon agus an Dr. Don Thornhill na riaráistí dlite le SFI toisc nárbh comhaltaí iad de Bhord SFI níos mó in Eanáir 2011.

\* Sheas an Dr. Love síos as a ról mar Ard-Stiúrthóir agus óna áit ar an mBord dá réir sin ar 15 Eanáir 2012.

Bhí costais na gComhaltaí Boird in 2012 cothrom le €49,312, á miondealú mar €40,748 i ndáil le taisteal coigríche, go háirithe maidir tinreamh ag cruinnithe Boird thar i gcás triúr comhaltaí Boird thar lear, beirt atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, agus €1,853 i ndáil le taisteal agus míléaiste intíre. Costais chóiríochta, chothabhála agus theagmhasacha atá i gceist leis an iarmhéid de chuid €6,711.



# NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

### 5 SINTIÚS IREL (RÍOMH-IRISLEABHAIR)

<b>2012</b>	2011
<b>€'000</b>	€'000
<b>5,000</b>	5,000

Is leabharlann taighde leictreonach arna maoiniú go náisiúnta é IReL r-Leabharlann Taighde na hÉireann a sholáthraíonn rochtain ar bhunachair sonraí agus irisleabhair leictreonacha don 7 nOllscoil, RCSI agus an 14 Institiúid Teicneolaíochta. Ceadaíonn an maoiniú seo do Sheirbhísí Faisnéise Leictreonaigh IRIS, an cuibhreannas ollscoileanna a riarann an tionscnamh, acmhainní leictreonacha a cheannach le haghaidh úsáide na nOllscoileanna agus na nInstitiúidí Teicneolaíochta.

Ghlac an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta freagracht as cuid den sintiús bliantúil a íoc le IReL in 2011 agus rinne sí an íocaíochtaí de chuid €5m maidir le 2011 agus 2012 araon, trí mheán SFI le IRIS, atá lonnaithe sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

### 6 SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

	Trealamh Ríomhaireachta €'000	Bogearraí Ríomhaire €'000	Forbairt Bhogearraí Ríomhaire €'000	Mótar fheithiclí €'000	Fearais & Feistis €'000	<b>lomlán</b> <b>€'000</b>
<b>Costas</b>						
Ag 1 Eanáir 2012	709	383	365	47	197	<b>1,701</b>
Aistriú ó Fhorbairt Bhogearraí	-	365	(365)	-	-	-
Breiseanna	6	173	-	-	-	<b>179</b>
Diúscairtí	(105)	(383)	-	(47)	(13)	<b>(548)</b>
Ag 31 Nollaig 2012	610	538	-	-	184	<b>1,332</b>
<b>Dímheas</b>						
Ag 1 Eanáir 2012	639	383	-	47	193	<b>1,262</b>
Muirear don Bhliain	50	179	-	-	3	<b>232</b>
Diúscairtí	(105)	(383)	-	(47)	(13)	<b>(548)</b>
Ag 31 Nollaig 2012	584	179	-	(0)	183	<b>946</b>
<b>Glanmhéid Leabhar</b>						
Ag 1 Eanáir 2011	70	-	365	0	4	<b>439</b>
Glanghluaiseacht don Bhliain	(44)	359	(365)	0	(3)	<b>(53)</b>
Ag 31 Nollaig 2012	26	359	-	0	1	<b>386</b>

Discríobhtar costas na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe i dtráthchodanna cothroma thar thréimhse mheasta a saolta úsáideacha mar seo a leanas:

(i)	Trealamh Ríomhaireachta & Bogearraí Ríomhaireachta	3 bliana
(ii)	Mótarfheithiclí	4 bliana
(iii)	Fearais & Feistis	5 bliana

Tabhair faoi deara: Déantar Forbairt Bhogearraí Ríomhaireachta a dhímheas tráth a gcoimisiúnaithe amháin..

Léiríonn Diúscairt Bhogearraí Ríomhaireachta briseadh Chórais Bhainistíochta Dámhachtana as feidhm, atáthar tar éis a ionadú. Iompraíodh ar luach Nialas é sna leabhair.

# NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

### 7 DEONTAIS

	2012 €'000	2011 €'000
<b>(a) Anailís ar Dheontais Íochta</b>		
Deontais Bhiteicneolaíochta	66,971	74,869
Deontais Theicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide	88,129	76,161
Deontais um Theorainneacha Taighde	1,827	3,019
<b>Iomlán</b>	<b>156,927</b>	154,049
<b>(b) Tiomantais Deontais</b>		
Tiomantais Deontais Gan Íoc amhail ag 01 Eanáir*	294,042	361,474
Deontais Faofa i rith na bliana	77,035	104,787
Dídhílsithe i rith na bliana	(8,820)	(18,190)
Íocaíochtaí Deontais i rith na bliana	(156,927)	(154,049)
Aisíocaíocht ar Dhámhachtain éagtha íochta leis an Státchiste (féach Nóta 16)	-	20
<b>Tiomantais Gan Íoc amhail ag 31 Nollaig</b>	<b>205,330</b>	294,042

\* Aistríodh Dámhachtainí Fuinnimh Charles Parsons, a bhíodh faoi réim na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN) chuig an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) i mí na Nollag 2009, tráth a iarradh ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann na dámhachtainí a bhainistiú agus a riaradh go foirmiúil.

Faoi na tráthchodanna aontaithe tá na híocaíochtaí deiridh ar na dámhachtainí seo atá cothrom le €3,936,000 dlite in 2013.

### 8 DISCOVER SCIENCE & ENGINEERING

	2012 €'000	2011 €'000
<b>a) Maoiniú</b>		
Deontas an Oireachtais	1,600	-
Gníomhaireacht Spáis na hEorpa	188	-
	<b>1,788</b>	-
<b>b) Caiteachas</b>		
Pá & Costais	168	-
Cumarsáid	319	-
Gníomhaíochtaí Cláir	1,301	-
<b>Iomlán</b>	<b>1,788</b>	-

Bunaíodh an Clár Discover Science & Engineering ar bun chun spéis a spreagadh san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Mata (STEM) i measc daltaí bunscoile, daltaí meánscoile, mac léinn tríú leibhéal, agus i measc an phobail níos leithne. Ghlac Fondúireacht Eolaíochta Éireann riaradh an chlár seo faoina cúram ó Forfás le héifeacht ó 1 Eanáir 2012.

Cuirtear an Clár Discover Science & Engineering san áireamh trí ioncam agus caiteachas a mhaitseáil lena chéile. Taispeántar caiteachas faoi bhun/os cionn an chlár seo sna cuntais infhála (Nóta 10)/cuntais iníochta (Nóta 11) mar is cuí.

# NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

### 9 CUNTAS CAIPITIL

	2012 €'000	2011 €'000
Ag 1 Eanáir	439	416
Aistriú ó Chuntas Ioncaim & Caiteachais		
- Chun maoiniú a dhéanamh ar éadálacha Sócmhainne Seasta	179	137
- Costas na nDiúscairtí	(548)	-
- Amúchta de réir dímheasa sócmhainne	(232)	(114)
- Dímheas ar Dhiúscairtí	548	-
Glanghluaiseacht	(53)	23
<b>Ag 31 Nollaig</b>	<b>386</b>	<b>439</b>

### 10 CUNTAIS INFHÁLA

	2012 €'000	2011 €'000
Féichiúnaithe Ginearálta*	92	8
Réamhíocaíochtaí	257	103
<b>Iomlán</b>	<b>349</b>	<b>111</b>

\* Áiríonn Féichiúnaithe Ginearálta maoiniú ESA dlite le haghaidh 2012 de chuid €65,778

### 11 CUNTAIS INÍOCHTA

	2012 €'000	2011 €'000
Creidiúnaithe Ginearálta	52	10
Fabhruithe	115	145
Ioncam Iarchurtha JPI 2013*	153	-
Iarmhéid Idirghníomhaireachta**	33	5
<b>Iomlán</b>	<b>353</b>	<b>160</b>

\* Maoiniú AE don Chomh-Chomhdháil Ríomhchláraithe JPI "Agenda for Future & Achievements to Date" a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath go luath in 2013 faoi Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

\*\*Baineann Iarmhéid Idirghníomhaireachta leis an Iarmhéid dlite ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann le Forfás ag 31 Nollaig 2012 i ndáil le muirir gearrtha ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar thionónta de chuid Forfás i dTeach Pháirc Wilton.

### 12 TIOMANTAIS FAOI LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Is tionóntaí de chuid Forfás i dTeach Pháirc Wilton í Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus faoi láthair níl tiomantas ar bith aici faoi léasanna oibriúcháin ar an bhfoirgneamh, ach íocann sí cíos le Forfás mar ranníocaíocht leis na costais léasa arna dtabhú ag Forfás.

### 13 CÁNACHAS

Déantar foráil in Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, do dhíolúine ó cháin ar ioncam na gcomhlachtaí stáit neamhthráchtála ach amháin sa chás go bhfuil ús faoi réir cánach ag an bhfoinse (m.sh. DIRT). Cuirtear glanmhéid a leithéid d'ioncam leis an gCuntas Ioncaim & Caiteachais.

Tá SFI faoi dhliteanas cánacha fostóra a íoc in Éirinn agus comhlíonann sí le hoibleagáidí siarchoinneála, tuairiscithe agus íocaíochta gaolmhara.

# NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

### 14 COMHALTAÍ BOIRD - NOCHTADH NA NIDIRBHEART

I ngnáthchúrsaí gnó, féadfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann dul i mbun socruithe conartha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann fostaithe nó páirteach ar shlí éigin eile. Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis glacadh le nósanna imeachta faoi réir na dtreoirilinte eisithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis cloí leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana.

In 2012 níor tharla aon idirbhearta i ndáil le Comhaltaí Boird a bhí fostaithe nó eile.

### 15 TEAGMHAIS AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ DLÍTHIÚLA

Níl teagmhais ná gníomhaíochtaí dlíthiúla ar bith a bhfuil foráil ar leith de dhíth orthu sna Ráitis Airgeadais..

### 16 RANNÍOCAÍOCHT DON STÁTCHISTE

De réir nósanna imeachta airgeadais phoiblí tá admhálacha i ndáil le haisíocaíochtaí deontais agus barrachas ar ghníomhaíochtaí pá agus riaracháin, a fhairsinge agus a sháraíonn siad riachtanais chaiteachais na Fondúireachta inaisíochta leis an Státchiste.

	<b>2012</b>	2011
	<b>€'000</b>	€'000
Deontas Taighde Aisíochta – IT Cheatharlach	-	20
<b>Iomlán</b>	<b>-</b>	<b>20</b>

### 17 FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh Bord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann na Ráitis Airgeadais ar an 10ú Meitheamh 2013.



# TIOMANTAIS DEONTAIS AGUS ANAILÍS ÍOCAÍOCHTAÍ 2012

Íocaíochtaí 2012 de réir Cláir	
	€'000
CSET	36,493,230
Infrastruchtúr Taighde	34,949,062
Imscrúdaitheoirí	32,592,682
SRC	20,388,199
An Clár um Theorainneacha Taighde	7,070,197
TIDA	6,559,674
STOKES	5,405,026
SIRG	3,450,303
Lárionaid	2,011,571
Dámhachtain Chomhoibriú Straitéiseach Idirnáisiúnta	1,795,068
Dámhachtain Uachtaráin na hÉireann an Taighdeora Óg (PIYRA)	1,401,316
Tionscnamh Mata	813,074
Clár Ollúnachta & Léachtóireachta le hInnealtóireacht	796,485
Comhpháirtíocht T&F na Stát Aontaithe-na hÉireann	726,943
Dámhachtain Tacaíochta Chomhairle Taighde na hEorpa	667,115
Dámhachtain Taighde Aistrithigh	616,510
Comhdháil & Ceardlann	596,584
Intéirneacht SFI	194,635
UREKA	161,225
Glaó Trasnáisiúnta Naineolaíochta E+	95,448
Comhthionscnaimh Ríomhch-láraithe	49,307
Intéirneacht Taighde Samhraidh um Scoláireacht SFI	36,242
Fordheontais	31,697
PICA	14,244
Walton	13,371
Comhaltacht Taistil Gearrthéarmach	(2,219)
<b>Móriomlán</b>	<b>156,926,987</b>

Íocaíochtaí 2012 de réir Institiúide	
	€'000
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	39,098,331
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	25,101,137
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	23,149,098
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	16,229,141
Ollscoil Luimnigh	13,628,566
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	12,072,671
Institiúid Náisiúnta Tyndall	8,115,785
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	6,887,087
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	5,449,419
Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	2,764,368
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	913,709
Teagasc	702,430
An Bord Taighde Sláinte	665,817
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	662,075
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath	559,527
NIBRT	346,777
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	300,486
Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta	205,045
Institiúid Teicneolaíochta Shligigh	62,695
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain	8,278
Acadamh Ríoga na hÉireann	4,545
<b>Móriomlán</b>	<b>156,926,987</b>

*Tabhair faoi deara: TTá dámhachtainí áirithe a rinneadh le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh á gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus Cistí Struchtúir AE an Chreata Tagartha Straitéisigh Náisiúnta (NSRF).*



EUROPEAN REGIONAL DEVELOPMENT FUND

Tiomantais Deontais 2012 de réir Cláir	
	€'000
Infreastruchtúr Taighde	34,949,062
CSET	13,514,129
SIRG	12,850,757
TIDA	7,261,739
PIYRA	2,165,121
Dámhachtain Chomhoibriú Straitéiseach Idirnáisiúnta	1,994,521
Dámhachtain Taighde Aistrithigh	851,977
Dámhachtain Tacaíochta Chomhairle Taighde na hEorpa	741,238
Comhdháil & Ceardlann	708,858
Lárionaid - Fordheontas	700,000
Comhpháirtíocht T&F na Stát Aontaithe-na hÉireann	403,470
Fordheontas an Tionscnaimh Mhata	301,469
Fordheontas an Phríomh-Imscrúdaitheora	231,132
Intéirneacht SFI	194,635
Fordheontas um Dhámhachtainí Fuinnimh Charles Parsons	119,312
Deontas Pleanála Comhpháirtíochta T&F na Stát Aontaithe-na hÉireann	21,720
Intéirneacht Taighde Samhraidh um Scoláireacht SFI	19,174
Dámhachtain Oiliúna TIDA 2012	7,000
<b>Móriomlán</b>	<b>77,035,314</b>

2012 Number of Awards by Institution	
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	56
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	38
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	22
Institiúid Náisiúnta Tyndall	20
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	14
Ollscoil Luimnigh	13
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	13
Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	11
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	10
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	8
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	4
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	4
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	2
An Bord Taighde Sláinte	2
NIBRT	2
Teagasc	2
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath	1
Ollscoil na Banríona, Béal Feirste	1
Acadamh Ríoga na hÉireann	1
<b>Móriomlán</b>	<b>224</b>

Líon Dámhachtainí 2012 de réir Institiúide	
TIDA	65
Comhdháil & Ceardlann	61
Infreastruchtúr Taighde	43
SIRG	23
Comhpháirtíocht T&F na Stát Aontaithe-na hÉireann	6
Dámhachtain Tacaíochta Chomhairle Taighde na hEorpa	3
Dámhachtain Chomhoibriú Straitéiseach Idirnáisiúnta	3
Fordheontas an Phríomh-Imscrúdaitheora	3
Intéirneacht SFI	3
Intéirneacht Taighde Samhraidh um Scoláireacht SFI	3
PIYRA	2
Dámhachtain Oiliúna TIDA 2012	2
Dámhachtain Taighde Aistrithigh	2
Lárionaid - Fordheontas	1
Fordheontas um Dhámhachtainí Fuinnimh Charles Parsons	1
CSET	1
Fordheontas an Tionscnaimh Mhata	1
Comhpháirtíocht T&F na Stát Aontaithe-na hÉireann	1
<b>Móriomlán</b>	<b>224</b>

# LIOSTA NA NDÁMHACHTAINÍ SFI DÉANTA IN 2012

